Ráiteas Misin

Spiorad na fiontraíochta a spreagadh agus cabhrú le cruthú gníomhaíocht eacnamaíochta & fostaíochta agus le forbairt mionfhiontar inmharthana i dTuaisceart Thiobraid Árann trí thacaíocht, cúnamh agus gníomhaíochtaí forbartha agus cothaithe.

(Leasaithe Iúil 2007)

Clár na nÁbhar Leathanach

Tuairisc an P.O.F.	2
Cairt Chustaiméirí	4
Ról agus Struchtúr an Bhoird/Bord na Stiúrthóirí	5
Eolas Staitisticiúil – Miosúr 1 /Cúnamh Airgeadais Roghnach	11
Cead agus Íoc Deontas	13
Ionaid Fiontar Pobail	19
Suirbhé Fostaíochta	21
Eolas Staitisticiúil – Miosúr 2 /Forbairt Fiontraíochta & Inniúlachta	22

Tuairisc ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin

Táim sásta 16ú Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Bhord Fiontar Contae Thiobraid Árann Thuaidh a chur i láthair. Léiríonn an tuarascáil seo na gníomhaíochtaí agus na costais ghaolmhara a bhí ann le linn na bliana airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2009.

Bhraith an Bord ardú suntasach ar éileamh seirbhísí i 2009, láimhseáladh 4,235 teagmháil, idir pearsanta agus teileafón, ina n-oifig san Aonach, méadú 458 ar an mbliain roimhe sin. Phróiseáil an Bord 43 iarratas ar chúnamh deontais agus cheadaigh siad deontais do 31 fiontar. I 2009 chonacthas athrú ar leith ó ghrúpoiliúint go meantóireacht agus cóitseáil tiomnaithe chun cuidiú le húinéirí /bainisteoirí déileáil le ceisteanna móra gnó ar nós brabús, bainistiú airgid, laghdú ar dhíolacháin, ag coinneáil foirne agus ag coinneáil ag imeacht go ginearálta agus ghlac 1,094 duine páirt i 43 tionscnamh d'fhorbairt fiontraíochta agus inniúlachta.

Fuair an Bord €889,386 san iomlán i 2009 ón Aonad Comhordaithe BFC i bhFiontraíocht Éireann lena ngníomhaíochtaí a mhaoiniú. Bhunaigh Aonad Polasaí Mionfhiontar na Roinne Fiontar, Trádála & Fostaíochta an tAonad ag teannadh le deireadh 2007 chun gníomhaíochtaí na 35 Bord Fiontar Cathrach agus Contae a chomhordú agus tacú leo. Fuair Bord Fiontar Contae Thiobraid Árann Thuaidh €227,159 i 2009 do Mhiosúr 1 (Cúnamh Airgeadais Roghnach) agus €254,189 do Mhiosúr 2 (Forbairt Fiontraíochta & Inniúlachta). Bhí €395,956 de bhuiséad riaracháin ag an mBord i 2009, beagán níos mó ná an bhliain roimhe sin, i leith costas breise fostaíochta do chlúdach saoire máithreachais. Ach de bharr cosc earcú foirne tugadh ar ais €19,000 roimh dheireadh na bliana rud a d'fhág allúntas glan de €376,956.

Le linn na bliana d'íoc an Bord amach €273,051 le 26 fiontar agus bhí €46,000 anseo óna gcúlchiste Cúnamh Inaisíoctha. Bhí an ciste seo coinnithe le linn na bliana do 2 Ionad Fiontar Pobail nua i nDurlas agus Cloch Shiurdáin agus roimh dheireadh na bliana eisíodh deontais luach €343,000 don dá thionscamh a bhí faoi cheannas an phobail agus tacaíocht acu ó FÉ. Thug an Bord gealltanais €509,417 ar aghaidh go 2010 de bharr go bhféadfadh na leibhéil aistarraingthe a bheith níos airde cheal cómhaoiniú agus lagmhuinín gnó go ginearálta in éineacht le nach raibh acu ach €329,930 mar chúnamh inaisíoctha le freastal ar aon easpa in allúntas Mhiosúr 1.

Ceadaíodh 24% glandheontais ar an meán i 2009, rud a thagann ag €2,696,515. Amach as an €646,750 a tugadh amach, bhí 53% de i bhfoirm inaisíoctha agus na deontais ag dul chuig 19 fiontar nua nó luath-thionscnaimh agus chuig 12 gnólacht a bhí ann cheana. Fuair tionscnaimh in earnáil na déantúsaíochta 21% de na deontais a tugadh amach agus chuaigh an 79% eile chuig earnáil na seirbhísí –athrú iomlán beagnach ar an mbliain roimhe sin. Measadh go gcruthófaí 35 post san iomlán as na fiontair a ceadaíodh (27 lánaimseartha agus 8 páirtaimseartha) ar mheánchostas €8,754 an post.

Lean treocht na bliana roimhe sin isteach i 2009 le margaí airgeadais an domhain i ndroch-chaoi, leibhéil dífhostaíochta ag beagnach 13%, gan rogha ag an Stáit ach dul i mbannaí ar phríomhinstitiúidí airgeadais na Tíre, teip mór i ngnólachtaí agus OTI (olltáirgeacht intíre) ag titim. Bhí tionchar mór ag an ngéarchéim eacnamaíochta ar go leor de chliaint an Bhoird go háirithe iad siúd sna hearnálacha traidisiúnta agus iad ag

streachailt leis an neamhchinnteacht náisiúnta agus domhanda agus leis an gcúlú eacnamaíochta a d'eascair as le linn na bliana. Tá baint mhór ag maireachtáil na bhfiontar beag dhúchasacha seo le tarrtháil na heacnamaíochta (iad cothrom le breis is 90% de ghnólachtaí go náisiúnta) agus tógfaidh an Bord chuile chéim gur féidir leo lena dtodhchaí féin agus a bhfostaithe a chosaint. Ba cheart go mbeadh na hionstraimí nua/ deontais airgeadais a cheadaigh an Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála & Fostaíochta agus a tháinig i bhfeidhm ar an 2 Samhain 2009 fíorluachmhar agus ní fhéadfaidís a theacht ag am níos fearr. D'fhéadfaí na deontais a chur leis an Liúntas um Fhilleadh ar Obair nó *Enterprise Start* i gcás iarrthóirí incháilithe a bhí dífhostaithe roimhe sin.

D'fháiltigh an Bord roimh an bhfógra roimh dheireadh na bliana go raibh €22.8 milliún Ciste Forchríochaithe na hEorpa faighte ag an réigiún ón AE chun déileáil le cailliúint post de bharr dúnadh Dell. Tacóidh an ciste seo le hoiliúint agus nua-oiliúint, infheistíocht fiontar agus bearta gníomhacha eile sa margadh saothair d'oibreoirí iomarcacha Dell agus cuideachtaí coimhdeacha.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thacaíocht leanúnach an Chathaoirligh agus na Stiúrthóirí a thugann a gcuid ama agus saineolais go fonnmhar ar bhonn deonach. Tréaslaím le Coiste Meastóireachta an Bhoird as breithniú a dhéanamh ar na hiarratais deontais. Tá an Bord dírithe ar na caighdeáin is airde den rialachas corparáideach, agus ar a chinntiú go gcuirtear an prionsabal luach ar airgead i bhfeidhm sna gníomhaíochtaí uilig. Ní mór do na Boird, mar gheall ar pháirt an AE i maoiniú an chórais BFC trí Chistí Struchtúrtha AE na hÉireann 2007-2013, tuairisciú AE atá cruinn agus deacair a chur ar fáil a áiríonn tuairisceáin, iniúchadh oifig an AR C&C, comhlíonadh rialachas corparáideach, eitic in oifig phoiblí, saoráil faisnéise, teangacha oifigiúla, an tAcht Míchumais srl. Tá a fhios ag Cathaoirleach agus Feidhmeannas an Bhoird faoin gcomhoibriú maidir le comhlíonadh ó gach duine agus iad an-bhuíoch as.

Ar deireadh, táim buíoch do gach duine a bhí mar chathaoirleach ar an mBord agus a Fhochoistí le linn na bliana lena n-áirítear an Dr Alice Morgan, Jimmy Murphy, Matt Shortt agus Alice Varley, Leas-Chathaoirleach. Bhí Jimmy Murphy ina chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta Inmheánach i 2009, agus bhí post an Chathaoirligh ar Choiste Meastóireachta an Bhoird roinnte thart idir na baill.

Mar chríoch, tréaslaím le foireann an Bhoird, Eleanor Forrest, Leas-POF, Geraldine Manning, Oifigeach Forbartha Gnó agus Madeline Ryan, Riarthóir atá dírithe go hiomlán ar ardchaighdeán seirbhíse a sheachadadh ar son an Bhoird. Buíochas freisin le Margaret O'Farrell a tháinig i gcomharbacht ar an Oifigeach um Fhorbairt Gnó a bhí ar shaoire máithreachais. Tá creidiúint ag dul freisin do na hOiliúnóirí, Meantóirí agus Comhairleoirí a d'fhostaigh an Bord le linn na bliana chun seirbhísí gairmiúla a sholáthar ar a son.

Rita Guinan
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Cairt Chustaiméirí

Seachadadh·Seirbhíse

Geallann Baill agus foireann Bhord Fiontar Contae Tiobraid Árann Thuaidh go gcuirfear seirbhís chustaiméirí an Bhoird ar fáil ar bhealach cothrom, éifeachtach agus neamhchlaonta. Déileálfar le custaiméirí ar bhealach múinte agus gairmiúil agus caithfear leo go cothrom de réir rialacha agus rialacháin a bhaineann le rialú oibriúcháin an Bhoird.

Cuirfear iarratais/fiosrúcháin na gcustaiméirí ar aghaidh chuig an duine cuí agus déileálfar leo ar bhealach pras agus éifeachtach. Tabharfar eolas iomlán agus cruinn do chustaiméirí maidir le haon fhiosrúchán mar seo agus tabharfar ainm an oifigigh nó an bhaill dóibh lena bhfuil siad ag déileáil.

Socrófar coinní a fheileann na custaiméirí. Tabharfar fógra in am má bhíonn aon athrú ar choinní.

Faoi réir na ndualgas dleathach atá ar an mBord sonraí iomlán a thabhairt faoina cistí poiblí uilig a caitheadh agus a gealladh, beidh an Bord ag iarraidh go ndéileálfaidh an fhoireann, an Coiste Meastóireachta agus baill an Bhoird leis an eolas uilig, idir pearsanta agus gnó, a thugann tusa ar bhealach a léiríonn go bhfuil meas ort.

Gnás i leith Gearáin

Déileálfar le gearáin dhlisteannacha go neamhchlaonta, go báúil agus go pras agus laistigh de na polasaithe agus na rialacha a dtagann an Bord fúthu.

Má bhíonn deacrachtaí ann maidir leis an tseirbhís a sholáthraíonn an Bord, tógfar an gnás seo a leanas lena chinntiú go bhfaighidh tú freagra éifeachtach agus pras.

- Ba cheart an t-ábhar a chur faoi bhráid na foirne nó an bhall Boird atá i gceist, i bhfocal béil nó scríofa síos agus déanfaidh siadsan iarracht aon ghearán dlisteannach a réiteach gan mhoill.

- Mura réitítear an t-ábhar chun do shástachta, déan teagmháil le do thoil leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ba cheart go mbeadh sise in ann do ghearán a iniúchadh agus a réiteach go pras agus go báúil.

- Mura féidir le foireann an Bhoird an cás a réiteach chun do shástachta ba cheart duit scríobh ansin chuig Cathaoirleach an Bhoird a shocróidh go ndéanfar iniúchadh ar an ngearán agus cuirfear an Bord ar an eolas faoi.

- Beidh cinneadh an Bhoird críochnaitheach agus ceangailteach maidir le gach ábhar a eascraíonn as glacadh an pholasaí seo i leith seirbhís úsáideora agus gnásanna i leith gearáin.

Ról agus Struchtúr an Bhoird

Bhunaigh an Rialtas na Boird Fiontar Contae agus Cathrach sa bhliain 1993 le linn don dífhostaíocht a bheith ard (15.1%) agus gan mórán deis ann do ghnó. Cuireann na Boird raon tacaíochtaí ar fáil do Mhionfhiontair agus dúirt an tAire Fiontar agus Fostaíochta agus é ag dearbhú sonraí Ballraíochta agus eagraíochta na mBord Fiontar Contae agus Cathrach: -

"Líonfaidh na Boird an bhearna atá tugtha faoi deara sna seirbhísí tacaíochta do thionscnaimh fiontar áitiúla. Tabharfaidh siad meascán leasa le chéile le spriocanna a leagan síos maidir le cothú fiontar ina gceantar, le plean straitéiseach a chur le chéile agus le cabhair a chur ar fáil do thionscnaimh bheaga fiontar atá ábalta aischur costéifeachtach a bheith acu i gcruthú postanna."

Tugann comhdhéanamh an Bhoird léiriú ar chothromaíocht leasa, lena n-áirítear ceithre ionadaí tofa mar aon le hionadaíocht ó phríomhghníomhaireachtaí na hearnála poiblí, ó ghnó, feirmeoireacht, ceardchumainn, ceapaithe pobail agus aireachta. Tá 15 Stiúrthóir/Ball ar Bhord Fiontar Contae Thiobraid Árann Thuaidh a roghnaíodh as na grúpaí sainleasa seo a leanas de réir an Chomhaontú Oibriúcháin a deineadh idir an Bord agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus freisin mar a leagadh síos i Meabhrán agus Airteagail Chomhlachais na Cuideachta:-

- Bainisteoir Contae Thiobraid Árann Thuaidh nó a n-ainmní
- Ainmní de chuid Fhorbairt na Sionna/Fiontraíocht Éireann
- Ionadaí de chuid FÁS
- Ainmní d'Eagraíocht Fostóra
- Ainmní de chuid Eagraíocht Ceardchumainn
- Ainmní ó Eagraíocht Feirmeoirí
- Ceathrar ainmní ó Chomhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh

Féadfaidh ceathrar eile lena n-áirítear daoine ó eagraíochtaí áitiúla gnó nó pobail nó daoine as eagraíochtaí áitiúla um fhorbairt eacnamaíochta a bheith ina Stiúrthóirí freisin ar Bhord Fiontar Contae nó Cathrach. D'iarr an Bord cead an Aire i 2002 lena mballraíocht a mhéadú chun an Cumann Pobail agus Deonach a thógáil san áireamh rud a thug iomlán na Stiúrthóirí ag 15. I 2007, chuaigh Fiontraíocht Éireann isteach leis an mBord tar éis dóibh freagracht reachtúil a ghlacadh i leith forbairt thionsclaíoch dhúchasach i gCeantar na Sionna. D'iarr an Bord an bhliain chéanna sin cead ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le páirteachas Fhorbairt na Sionna a choinneáil agus ionadaíocht a lorg ón gCuideachta Comhtháite nua. I gcás Fhorbairt na Sionna tugadh cead ar bhunús athraitheach trí bliana ach ní fhéadfaidh an Chuideachta Comhtháite - Comhpháirtíocht Leader Thiobraid Árann Thuaidh a bheith páirteach ann mura n-imeoidh ball éigin eile. I 2009 d'aontaigh Teagasc a n-áit ar an mBord a thabhairt suas i bhfábhar Chomhpháirtíocht Leader Thiobraid Árann Thuaidh ar bhonn ábharthachta mar gur ceapadh nach raibh aon tairbhe don Ghníomhaireacht ina bpáirteachas leanúnach.

Bord na Stiúrthóirí 2009

Páirtnéirí Sóisialta:	Paul Gavan (SIPTU) (ceaptha in Eanáir)
	Terry McKenna, (IBEC) (ceaptha sa Márta)
	Jimmy Murphy, (Feirmeoireacht)
Baill Comhairle Contae:	Mattie Ryan, BCC
	Pauline Coonan, BCC
	Jim Ryan, BCC (éirithe as in Iúil)
	Séamus Hanafin, BCC (éirithe as in Iúil)
	Michael O'Meara BCC (ceaptha Deireadh Fómhair)
	Virginia O'Dowd BCC (ceaptha Samhain)
Gníomhaireachtaí Feidhmiúcháin:	Dr Alice Morgan, Forbairt na Sionna (éirithe as in Iúil)
	Brian Keating, Forbairt na Sionna (ceaptha D. Fómhair)
	Matt Shortt, Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh **(Cathaoirleach)**
	Jerry Moloney, Fiontraíocht Éireann
	Liam Mullane, Teagasc (éirithe as in Eanáir)
	Michael Murray, Comhpháirtíocht Leader Thiobraid Árann Thuaidh (ceaptha in Iúil)
	Bríd Kennedy, FÁS (Éirithe as M. Fómhair)
	Denis Gleeson, FÁS (ceaptha D. Fómhair)
Ginearálta:	Alice Varley, Bantracht na Tuaithe **(Leas-Chath.)**
	Tim Young, Cumann Pobail agus Deonach
	John Guilfoyle, Gnó/ Cumainn Thráchtála

An Coiste Meastóireachta – 9 mBall

Faigheann an Bord cúnamh ó Choiste Meastóireachta, a dhéanann measúnú ar iarratais ar chúnamh deontais agus a dhéanann moltaí faoin gcineál agus an leibhéal is fearr cúnaimh do na fiontair incháilithe uilig maidir le, i measc rudaí eile, na haidhmeanna atá leagtha síos ag an mBord, polasaí náisiúnta, ábharthacht áitiúil, féidearthacht tionscnamh agus inmharthanacht thráchtála.

Déantar meastóireacht ar na tionscnaimh a chuireann an Coiste Meastóireachta ar aghaidh chuig an mBord le haghaidh maoinithe ionas gur féidir roghanna ciallmhara a dhéanamh idir tograí iomaíochta agus chun deacrachtaí asáitithe agus marbhualach a aithint.

Tá ionadaithe ó na hearnálacha airgeadais, baincéireachta agus príobháideacha ar an gCoiste Meastóireachta chomh maith le hainmnithe de chuid Fhiontraíocht Éireann, Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh, Cumainn Lucht Trádála, Comhpháirtíocht Leader, an Earnáil Bhaincéireachta srl. Chas an Coiste le chéile sé huaire le linn na bliana agus seo iad baill 2009:-

Ms. Marian Hayes, Cumann Tráchtála Ros Cré, An tUas. Pat Horan - Cuntasóir, Noreen O'Sullivan, Cumann Tráchtála an Aonaigh, An tUas. Conor Scott - Gnó, Catherine Hogan, Fiontraíocht Éireann, An tUas. Gerry McGarry – Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh, An tUas. Tadgh O'Dwyer –Cumann Tráchtála Dhurlais, Dr. Sean Crowley, Comhpháirtíocht Leader Thiobraid Árann Thuaidh, Tom O'Keeffe – Baincéir (in áit Ms Carmel Fallon a d'éirigh as sa Márta)

An Coiste Iniúchóireachta - 4 Bhall

Cuidíonn an Coiste Iniúchóireachta Inmheánach leis an mBord lena ndualgais dhlíthiúla agus chuntasaíochta a chomhlíonadh agus gníomhaíonn mar chainéal idir an Bord agus an tIniúchóir Inmheánach. Tá oibleagáid ar an gCoiste casadh le chéile trí uaire sa bhliain ar a laghad agus iad bainteach go príomha le bunú agus cothabháil dlúthchóras um rialú inmheánach airgeadais agus le bearta um mheasúnú riosca. Leagan an Coiste síos gnásanna lena chinntiú go bhfuilimid ag cloí leis an gCód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit agus in éineacht lena ndualgais maoirseachta, déanann siad amach clár oibre bliantúil d'Iniúchóir Inmheánach agus Cuntasóirí Seachtracha an Bhoird. Láimhseálann an Coiste gach cumarsáid freisin ó Oifig an Ard-reachtaire Cuntas agus Ciste in éineacht le go gcomhairlíonn siad an Bord faoi ábhair a bhaineann le haisghabháil deontas. Chas Coiste Iniúchadh Inmheánach an Bhoird le chéile 4 huaire le linn na bliana.

I measc bhaill 2009 bhí:

- Jimmy Murphy (Cathaoirleach)
- Matt Shortt (Údarás Áitiúil)
- Alice Varley, (Bantracht na Tuaithe)
- Terry McKenna (IBEC)
- Séamus Hanafin, BCC

Níor fhreastal beirt eile de bhaill an Choiste Iniúchadh Inmheánach, sin Jim Ryan, BCC agus Bríd Kennedy, FÁS ar aon chruinniú i 2009. Ceapadh Brian Keating, Forbairt na Sionna, ar an gCoiste Iniúchadh Inmheánach i mí na Nollag.

D'fhreastal Cuntasóir/Iniúchóir Inmheánach an Bhoird, an tUas. Séamus Holohan, ar gach cruinniú den Choiste Iniúchadh Inmheánach mar a rinne an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin.

Feidhmeannas/Foireann an Bhoird

D'fhostaigh an Bord ceathrar lucht foirne le linn na bliana, ina measc:-

- Rita Guinan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
- Eleanor Forrest, Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin
- Geraldine Manning, Oifigeach um Fhorbairt Gnó
- Madeline Ryan, Riarthóir

Chomh maith leis sin choinnigh an Bord Margaret O'Farrell ar bhunús conradh sealadach chun saoire máithreachais an Oifigigh um Fhorbairt Gnó a chlúdach ó Eanáir go Iúil.

Feidhmeannas/Foireann an Bhoird

Rita Guinan
Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin

Eleanor Forrest
Leas-PO Feidhmiúcháin

Geraldine Manning
Oifigeach um Fhorbairt Gnó

Madeline Ryan
Riarthóir

Ag Maoiniú An Phlean Forbartha Náisiúnta/Athrú Mór ar Éirinn.

Maoiníodh na Boird Fiontar faoin gClár Oibriúchán, (1994-1999) d'Fhorbairt Áitiúil, Uirbeach agus Tuaithe (OPLURD) agus faoina Pleananna Forbartha Naisiúnta (2000-2006) agus faoi láthair Cláir Cistí Struchtúrtha AE na hÉireann (2007-2013). Tá sainchúram straitéiseach ar na Boird Fiontar Contae & Cathrach agus is foinse tacaíochta a theastaíonn go géar do thionscnaimh áitiúla fiontraíochta é an maoiniú a thugann siad amach. Feidhmíonn na Boird Fiontar scéimeanna a bhfuil sé mar aidhm leo cúnamh a thabhairt, trí dheontais nó scaireanna tosaíochta, i leith bunú tionscnamh eacnamaíochta mionscála agus sprioc lárnach acu cuidiú le poist bhuana a chruthú agus a chothabháil chomh maith leis an infreastruchtúr eacnamaíochta a fhorbairt ag an leibhéal áitiúil.

Aidhmeanna Straitéiseacha na mBord Fiontar Contae & Cathrach

Taobh istigh den chreat polasaí atá leagtha amach ag an nGrúpa Straitéiseach Fiontar, aithnítear na Boird Fiontar Contae & Cathrach mar an ghníomhaireacht atá freagrach as forbairt na hearnála mionfhiontar. Ghlac na Boird Fiontar C&C leis na haidhmeanna straitéiseacha seo a leanas chun spreagadh a thabhairt d'fhiontraíocht agus d'fhorbairt fiontar ag leibhéal áitiúil.

- *Cultúr agus fiontraíocht sa bhfiontar áitiúil a spreagadh agus a chothú*
- *Cabhrú le bunú gnólachtaí **nua** trí chomhairle agus tacaíochtaí airgeadais a chur ar fáil dóibh*
- *Cabhrú le fás agus le leathnú gnólachtaí beaga **reatha** trí chomhairle agus tacaíochtaí airgeadais a chur ar fáil dóibh*
- *Spreagadh agus éascú a dhéanamh ar níos mó gnólachtaí easpórtála, níos mó nuálaíochta agus úsáid a bhaint as T&F i ngnólachtaí beaga.*
- *Neart cuideachtaí a fhorbairt chun iontráil ar phunann Fiontraíocht Éireann*
- *Cumas bainistíochta thionscnóirí gnólachtaí beaga a fhorbairt*
- *Líonraí láidre gnó a fhorbairt*
- *Cuidiú le forbairt chothrom réigiúnach agus le fiontar cothrom eacnamaíochta a bhaint amach.*

An Plean Forbartha Náisiúnta 2007-2013

Leagadh amach An Plean Forbartha Náisiúnta (2007-2013) tar éis próiseas leathan comhairliúcháin agus athbhreithniú sonrach ar thorthaí agus ar mholtaí staidéir agus suirbhéanna náisiúnta a deineadh le deireanas. Le theacht ar thosaíochtaí

infheistíochta agus ar thábhacht na gclár éagsúil, deineadh meastóireacht ar láidreachtaí agus laigí na tíre mar eolas do straitéis an Rialtais. Le linn saolré an Phlean seo, áireofar mar thosaíochtaí: forbairt chothrom réigiúnach, déileáil le heaspaí san infreastruchtúr, inmharthanacht comhshaoil, fuinneamh, níos mó infheistíocht i dtithíocht shóisialta agus inacmhainne, infheistíocht san oideachas, san eolaíocht, san teicneolaíocht agus nuálaíocht, cothú ar chuimsiú sóisialta, infheistíocht san earnáil fiontar mar aon le réimsí eile ar nós caighdeán saoil agus luach ar airgead. Meastar gur infheistíocht €20 billiún a deineadh faoi Thosaíocht Fiontar, Eolaíochta agus Nuálaíochta PFN 2007-2013.

Ag Cothú na Fiontraíochta i dTiobraid Árann Thuaidh – Plean Bhord Fiontar Contae Thiobraid Árann Thuaidh 2007-2013

Sa tréimhse 2007-2008, thug an Bord faoi phróiseas comhairliúcháin forleathan a d'éascaigh Rannóg Gnó Institiúid Thiobraid Árann agus chuardaigh siad ionchur úinéirí/bainisteoirí gnólachtaí áitiúla, leasa pobail agus deonacha, gníomhaireachtaí stáit agus áitiúla, ionadaithe tofa agus daoine eile ar spéis leo forbairt eacnamaíochta Thiobraid Árann Thuaidh. Tríd an bpróiseas dhéan an Bord amach gnéithe den eacnamaíocht áitiúil, easpaí oiliúna, easnamh infreastruchtúr agus nithe eile a d'fhéadfadh cur as d'fhás agus d'fhorbairt earnáil na mionfhiontar sa todhchaí. Cuireadh aschur na seisiún sin san áireamh ansin i bPlean Gníomhaíochta an Bhoird don téarma dar críoch Nollaig 2013.

Sa bplean straitéiseach tá tosaíochtaí an Bhoird agus 22 aidhm a gcaithfear freastal orthu le linn seacht mbliana an phlean. Sonraítear gníomhaíochtaí beartaithe sa bPlean agus athbhreithneofar iad go bliantúil ar fhaitíos go mbeadh aon athrú nó leasú le déanamh de bharr cúinsí athraitheacha eacnamaíochta.

Tá na hAidhmeanna Straitéiseacha bunaithe ar na réimsí gníomhaíochta seo a leanas: Cultúr Fiontraíochta, Fiontraíocht Ban, Cúnamh Airgeadais, Tacaíocht Réamhthosnúcháin, Ionad Oibre, Ag Forbairt Cumas Fáis, Naisc, Gréasáin, Forbairt Fiontraíochta & Inniúlachta, Forbairt Bhainistíochta, T&F, Nuálaíocht & Dearadh, Trádáil Easpórtála, Faisnéis, Uasmhéadú ar úsáid TFC, Soláthar Poiblí & Fo-sholáthar, Scéimeanna Dreasachta Cánach, Rialú & Comhlíonadh, Margaíocht, Próifíl Contae, Forbairt Chothrom agus Taighde.

Miosúr 1

Tá na Boird Fiontar C&C mar chuid riachtanach den timpeallacht thacaíochta a chuireann an Rialtas ar fáil do ghnólachtaí beaga. Leis an bhfiontraíocht a spreagadh agus a éascú, tairgíonn na Boird Fiontar C&C dréimire d'fhearais thacaíochta saincheaptha dá gcliaint a fhreastalaíonn ar chéimeanna éagsúla na forbartha agus ar chúinsí a mbíonn tionchar acu ar a gcliaint.

Níl aon athrú ar shainordú soiléir na mBord Fiontar tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt mionfhiontar trí thionscnaimh cruthú postanna.

Ionstraimí Nua Airgeadais

Sheol Bord Fiontar Contae Thiobraid Árann Thuaidh sraith athbhreithnithe tacaíochtaí airgeadais a cheadaigh an Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála & Fostaíochta le feidhm ón 2 Samhain 2009. Beidh na tacaíochtaí nua airgeadais seo ann in áit na nDeontas Caipitil, Fostaíochta agus Féidearthachta a bhí á dtairiscint ag na Boird Fiontar Contae & Cathrach le breis agus sé bliana déag. Sa scéim nua cúnaimh tá Deontais Féidearthachta/Nuálaíochta, Prímeála agus Leathnú Gnó.

Is féidir le trádálaithe aonair, comhpháirtíochtaí, cuideachtaí teoranta nó pobail iarratais a dhéanamh ar Dheontais Prímeála taobh istigh de bhliain go leith ó bhunaítear an gnó agus tugtar Deontais um Leathnú Gnó do ghnólachtaí atá ann breis agus 18 mí. Bunaítear critéir maoinithe an Bhoird ar ghnéithe ar nós an earnáil den eacnamaíocht ina bhfeidhmíonn/a bhfeidhmeoidh an fiontar agus ar mhéid measta an fhiontair. Is féidir leis an mBord tacú le bunú, agus/nó forbairt fiontair nua agus reatha chomh fada agus go bhfuil an gnó sa réimse tráchtála, go bhfuil fianaise ann go bhfuil margadh ann don táirge/seirbhís, go bhfuil cumas fáis agus cruthú post sa tionscnamh agus nach bhfostóidh an fiontar níos mó ná 10 foirne. (D'fhéadfadh Fiontraíocht Éireann déileáil le riachtanais gnólachtaí incháilithe a bheadh le níos mó postanna a chruthú). Chomh maith leis na critéir incháilitheachta thuas, tá tosaíochtaí agus srianta áirithe leagtha síos ar nós:- go gcaithfear tosaíocht a thabhairt d'fhiontair in earnáil na déantúsaíochta nó na seirbhísí trádála idirnáisiúnta a bheadh in ann forbairt in imeacht ama ina n-aonáin láidir easpórtála agus bogadh chuig punann Fiontraíocht Éireann; fiontair thurasóireachta a bheadh dírithe go príomha ar chuairteoirí ón iasacht; seirbhísí áitiúla a bhíonn á gcur chun cinn ag daoine dífhostaithe, daoine a chaill a bpostanna le deireanas nó mná ag filleadh ar obair. Is féidir tacú le seirbhísí áitiúla chomh fada agus nach mbíonn siad ina n-údar asáitithe nó marbhualach.

Féadfaidh Boird uasdheontas Prímeála nó Forbartha Gnó 50% den infheistíocht nó €150,000, cibé acu is lú, a thairiscint. Ceaptar áfach gur annamh a thabharfar amach deontais os cionn €80,000 suas go €150,000 ach amháin i gcás tionscnamh a léiríonn go soiléir a gcumas bogadh ar aghaidh go Fiontraíocht Éireann agus/nó easpórtáil go hidirnáisiúnta. Is é an t-uasdheontas Féidearthachta/Nuálaíochta atá iníoctha ná 50% den infheistíocht nó €20,000, méadú suntasach ar an seanscéim ag a raibh €5,100 d'uasdheontas.

Cúnamh Inaisíoctha

Sa bhreis ar na riachtanais do thionscnaimh ar leith, caitheann 30% ar a laghad de na deontais a cheadaíonn Bord gach bliain a bheith i bhfoirm inaisíoctha (tháinig athrú ar an gcéatadán seo le linn thréimhse an chláir). Baineann an riachtanas seo le gach deontas a cheadaítear, bíodh sé maoinithe ón Státchiste nó ón gcuntas Cabhrach Inaisíoctha. Bhí sé le feiceáil ag tarraingt le deireadh PFN 2000-2006 go raibh méadú de réir a chéile ar an leibhéal Inaisíocaíochta. Bíonn an Cúnamh Inaisíoctha coinnithe go háitiúil ag an mBord Fiontar Contae nó Cathrach le húsáid amach anseo do mhaoiniú gníomhaíochtaí incháilithe faoi Mhiosúr 1 agus feictear é mar chuid breise de bhuiséad Mhiosúr 1 an Bhoird.

Scair Tosaíochta/Cothromas

Tá údarás ag Boird tacaíocht a thabhairt do chuideachtaí trí scaireanna a cheannach, chomh fada agus go gcloítear le gnáthchritéir cáilitheachta agus teorainneacha na nDeontas Caipitil. Caitear aon suimeanna a íoctar i leith ceannach scaireanna mar seo a láimhseáil mar Dheontas Caipitil eisithe i bhfoirm inaisíoctha. De ghnáth bíonn na scaireanna fuascailte thar 5 bhliana le díbhinn 3%.

Cúnamh Airgeadais Roghnach

Tá sonraí sa gcuid seo faoina tionscnaimh uilig a ceadaíodh agus na híocaíochtaí a deineadh i 2009 as allúntas Mhiosúr 1(Cúnamh Airgeadais Roghnach). Ba cheart go dtiocfadh infheistíocht phríobháideach €2.6 milliún as an €646,750 a ceadaíodh uilig i ndeontais. Sna deontais cheadaithe bhí gné inaisíoctha €340,890 nó 53% de cheaduithe rud a bhí go maith os cionn an riachtanas 30%. Tháinig na deontais fostaíochta a ceadaíodh le linn na bliana ag €83,000, bhí €14,000 aistarraingthe roimh dheireadh na bliana rud a d'fhág €69,000 nó 11% -bhí sé seo go maith taobh istigh den teora 25% a bhí i bhfeidhm ag an Roinn Fiontar, Trádála & Fostaíochta. Tháinig na deontais staidéir féidearthachta ag €33,050 nó 5% de na deontais a tugadh amach agus bhí seo go maith laistigh de theora 10% na ndeontas seo. Níl na cuótaí seo ann níos mó ó tháinig na hionstraimí nua airgeadais i bhfeidhm ag deireadh 2009 ach amháin don chúnamh inaisíoctha nuair a chaithfidh 30% ar a laghad de dheontais Mhiosúr 1 nó den chuntas cabhrach inaisíoctha a bheith i bhfoirm inaisíoctha.

INFHEISTÍOCHT CHAIPITIL 2009

	Deontas	**Infheistíocht**
Deontais Chaipitil (8)	€519,700	€2,000,161
Deontais Fostaíochta (12)	€83,000	€255,869
Deontais Staidéir Féidearthachta (8)	€33,050	€73,423
Deontais Prímeála (3)	€75,000	€540,916
Iomlán (31)	**€710,750**	**€2,870,369**
- Aistarraingthe i 2009 (3)	-64,000	-173,854
IOMLÁN LEITHDHÁILTE 2009	**€646,750**	**€2,696,515**

Meándeontas 23.9%

Deontais a Ceadaíodh i 2009

Deontais Chaipitil

Ainm & Seoladh	Cód NACE na Rannóige	Deontas Díreach €	Aisíocaíocht €	Iomlán a Ceadaíodh 2009 €
Brian Maher, T/m Tipp Wood Chip, Buiríos Léith, Durlas	Déantúsaíocht	15,000.00	15,000.00	30,000.00
Sean & Eamon Hayden, T/m Greenland Haylage, Urlingford, Durlas	Déantúsaíocht	25,000.00	25,000.00	50,000.00
Mackey Stainless Steel Limited, Páirc Gnó Stereame, An tAonach	Déantúsaíocht	4,200.00	4,200.00	8,400.00
Morgan Haugh, T/m The Washing Line, Carnaigh, An tAonach	Gníomhaíochtaí eile Seirbhíse	3,150.00	1,350.00	4,500.00
Liger Print & Design Ltd, Gaigue, Beechwood, An tAonach	Gníomhaíochtaí eile Seirbhíse	13,000.00	13,000.00	26,000.00
Thurles Bacon Company Ltd, Killinan, Durlas	Gníomhaíochtaí eile Seirbhíse	5,460.00	2,340.00	7,800.00
Thurles Community Enterprise Centre Ltd, F/ch Cumann Tráchtála Dhurlais, Lár na Páirce, Durlas	Gníomhaíochtaí Eastát Réadach	0	208,000.00	208,000.00
North Tipperary Green Enterprise Park Ltd, The Village, Cloch Shiurdáin	Gníomhaíochtaí Eastát Réadach	94,500.00	40,500.00	135,000.00
Iomlán na nDeontas Caipitil (8)		**€160,310.00**	**€309,390.00**	**€469,700.00**

Deontais Fostaíochta

Ainm & Seoladh	Cód NACE na Rannóige	Deontas Díreach €	Aisíocaíocht €	Iomlán a Ceadaíodh 2009
BCD Energy Consulting Ireland Limited, Durlas	Seirbhísí Gairmiúla, Eolaíochta & Teicniúla	15,000.00	0	15,000.00
John Stapleton,T/m Saint Hurleys, Buiríos ó Luigheach	Déantúsaíocht	7,500.00	0	7,500.00

Voucher Vision (CIF) F/ch James O'Toole, Durlas	Gníomhaíochtaí eile Seirbhíse	7,500.00	0	7,500.00
Louisa Condon, Páirc Teicneolaíochta Thiobraid Árann, Durlas	Déantúsaíocht	7,000.00	0	7,000.00
Arunas Dabsevicius, Bealach Uí Ógáin, An tAonach	Gníomhaíochtaí eile Seirbhíse	2,000.00	0	2,000.00
Marie Leahy, Cill Choill Eachra, Durlas	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Riaracháin agus Tacaíochta	4,000.00	0	4,000.00
Shalee Utilities Ltd, Shalee, An tAonach	Faisnéis & Cumarsáid	15,000.00	0	15,000.00
Iris Williams, T/m Sustainable Architectural Solutions, Borrisofarney, Ros Cré	Seirbhísí Gairmiúla, Eolaíochta & Teicniúla	3,500.00	0	3,500.00
L&J Communications Ltd, Durlas	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Riaracháin agus Tacaíochta	7,500.00	0	7,500.00
Iomlán na nDeontas Fostaíochta (9)		**€69,000**	**0**	**€69,000**

Deontais Staidéir Féidearthachta				
EEC Direct Furniture Manufacturing Ltd, Tuaim Uí Mheára, An tAonach	Féidearthacht	4,000.00	0	4,000.00
Nu Plastics Limited, Eastát Tionsclaíoch Old Mine, Béal Átha Gabhann	Féidearthacht	5,100.00	0	5,100.00
Irish Guild of Ash Hurley Makers, F/ch Philip Bourke, Cnoc Alltáin Uachtarach, An tAonach	Féidearthacht	1,800.00	0	1,800.00
Crossogue Preserves, F/ch Veronica Molloy, Ballycahill, Durlas	Féidearthacht	1,750.00	0	1,750.00
Carter Engineering Ltd, Cloch Shiurdáin	Féidearthacht	5,100.00	0	5,100.00
Midas Business Reporting Ltd, Log na	Féidearthacht	5,100.00	0	5,100.00

Fola, Durlas				
Future Security Ltd, An tAonach	Féidearthacht	5,100.00	0	5,100.00
Kenair Ltd, Killinan, Durlas	Féidearthacht	5,100.00	0	5,100.00
Iomlán na nDeontas Staidéar Féidearthachta (8)		**€33,050.00**	**0**	**€33,050.00**

Deontais Prímeála

Ainm & Seoladh	**Cód NACE na Rannóige**	**Deontas Díreach €**	**Aisíocaíocht €**	**Iomlán a Ceadaíodh 2009 €**
Chimney Draught Stop Ltd, An Pháirc, Killea, An Teampall Mór	Déantúsaíocht	20,000.00	10,000.00	30,000.00
Brendan Delaney, T/m Personalised Embroidery Services, Baile na Cloiche, An tAonach	Gníomhaíochtaí eile Seirbhíse	3,500.00	1,500.00	5,000.00
Sentry Digital Solutions Ltd, Aonad 3, Ionad Fiontar, Sráid an Stafardaigh, An tAonach	Faisnéis agus Cumarsáid	20,000.00	20,000.00	40,000.00
Iomlán na nDeontas Prímeála (3)		**€43,500.00**	**€31,500.00**	**€75,000.00**

IOMLÁN (28)		**€305,860**	**€340,890**	**€646,750***

***Ó Dheontas réamhshocraithe €710,750, Aistarraingíodh 3 Dheontas (agus cuid de dheontas) le linn na bliana (déanta suas as caipiteal €50,000 agus Fostaíocht €14,000 – níl ceachtar acu áirithe sa tuarascáil seo.)**

Íocaíochtaí Deontais 2009

Deontais Chaipitil

Ainm & Seoladh	Cód NACE na Rannóige	Deontas Díreach €	Aisíocaíocht €	Iomlán Íoctha 2009 €
Shelta Beer Company Ltd, Ionad Fiontar, An Teampall Mór	Déantúsaíocht	10,091.00	4,324.00	14,415.00
Castlewares Ltd, Tuaim Uí Mheára, An tAonach	Déantúsaíocht	15,000.00	5,000.00	20,000.00
John Delahunty, Gleann na Carraige, An Port Nua	Déantúsaíocht	8,172.00	3,502.00	11,674.00
Darmody Fencing Ltd, Buiríos Léith	Déantúsaíocht	6,184.00	6,184.00	12,368.00
Morgan Haugh, T/m The Washing Line, Carnaigh, An tAonach	Gníomhaíochtaí eile Seirbhíse	783.00	336.00	1,119.00
Benny Larkin, T/m Benny Larkin Joinery, Baile Uí Lachnáin, Biorra	Déantúsaíocht	3,645.00	1,562.00	5,207.00
Mackey Stainless Steel Ltd, Páirc Gnó Stereame, An tAonach	Déantúsaíocht	4,200.00	4,200.00	8,400.00
Brian Maher, T/m Tipp Wood Chip, Buiríos Léith, Durlas	Déantúsaíocht	15,000.00	15,000.00	30,000.00
Seán & Éamon Hayden, T/m Greenland Haylage, Urlingford, Durlas	Déantúsaíocht	18,830.00	18,829.00	37,659.00
All Security Mobile Shredding Ltd, Baile Uí Chomáin, An tAonach	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Riaracháin agus Tacaíochta	27,500.00	27,500.00	55,000.00
Iomlán na nDeontas Caipitil (10)		**€109,405.00**	**€86,437.00**	**195,842.00**

Deontais Fostaíochta

Ainm & Seoladh	Cód NACE na Rannóige	Deontas Díreach €	Aisíocaíocht €	Iomlán Íoctha 2009 €
Séamus Gleeson, Drom Inbhir, An tAonach	Gníomhaíochtaí eile Seirbhíse	7,500.00	0	7,500.00
BCD Energy Consultants Ltd, Baile an Róisigh, Durlas	Seirbhísí Gairmiúla, Eolaíochta & Teicniúla	15,000.00	0	15,000.00
Arunas Dabsevicius & Gerardas Kosas, Bealach Uí Ógáin, An tAonach	Gníomhaíochtaí eile Seirbhíse	2,000.00	0	2,000.00
Harald Turek, T/m Woodville Design Works, An tAonach	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Riaracháin agus Tacaíochta	3,750.00	0	3,750.00
John Stapleton,T/m Saint Hurleys, Buiríos ó Luigheach, Durlas	Déantúsaíocht	7,500.00	0	7,500.00
Marie Leahy, Cill Choill Eachra, Durlas	Gníomhaíochtaí Seirbhíse Riaracháin agus Tacaíochta	2,000.00	0	2,000.00
Louisa Condon, T/m The Ant Team, Páirc Teicneolaíochta Thiobraid Árann, Durlas	Déantúsaíocht	3,500.00	0	3,500.00
Shalee Utilities Ltd, Shalee, An tAonach	Faisnéis & Cumarsáid	7,500.00	0	7,500.00
Iomlán na nDeontas Fostaíochta (8)		**€48,750.00**	**€0**	**€48,750.00**

Deontais Staidéir Féidearthachta

Ainm & Seoladh	Cód NACE na Rannóige	Deontas Díreach €	Aisíocaíocht €	Iomlán Íoctha i 2009 €
Landtech Soils Limited, T/m Tipperary Turfgrass, An tAonach	Féidearthacht	3,305.00	0	3,305.00
Nu Plastics Limited, Béal Átha Gabhann, An tAonach	Féidearthacht	5,100.00	0	5,100.00
Martin Cooke, Bóthar na Móna, Durlas	Féidearthacht	2,414.00	0	2,414.00
Veroncia Molloy, T/m Crossogue Preserves, Ballycahill, Durlas	Féidearthacht	1,750.00	0	1,750.00
EEC Direct Furniture Manufacturing Ltd, Tuaim Uí Mheára	Féidearthacht	4,000.00	0	4,000.00
Carter Engineering Ltd, Cloch Shiurdáin	Féidearthacht	5,100.00	0	5,100.00
Irish Guild of Ash Hurley Makers, F/ch Philip Bourke, Cnoc Alltáin Uachtarach, An tAonach	Féidearthacht	1,800.00	0	1,800.00
Midas Business Reporting Ltd,d, Log na Fola, Durlas	Féidearthacht	4,990.00	0	4,990.00
Iomlán na nDeontas Staidéar Féidearthachta (8)		**€28,459.00**	**€0**	**€28,459.00**

Iomlán na nÍocaíochtaí 2009		**€186,614.00**	**€86,437.00**	**€273,051.00**

Ionaid Fiontar Pobail

I 2008, rinne Páirc Fiontar Glas Teo. Thiobraid Árann Thuaidh agus Ionad Fiontar Pobail Dhurlais Teo. iarratas chuig an mBord do thacaíocht deontais i leith tógáil ionad oibre a bheadh faoi úinéireacht pobail agus chuir an Bord breis agus €300,000 den chúlchiste Cúnamh Inaisíoctha ar leataobh ina dhiaidh sin chun tacú leis na forbairtí sin. Tá cead ag an mBord suas le 50% de ranníocaíocht Fhiontraíocht Éireann a sholáthar ach níl cead acu bheith páirteach i dtionscnaimh ionad fiontar nach gcáilíonn do thacaíocht Fiontraíocht Éireann. Sular thug an Bord tairiscintí deontais chun críche rinne siad coimisiúnú ar staidéar ionad oibre chun scrúdú a dhéanamh ar éileamh ionad oibre sa chontae faoi láthair agus amach anseo agus tagraítear don staidéar seo i bpíosa eile den tuarascáil seo.

An tAire Stáit sa Roinn Sláinte, Máire Hoctor TD ag casadh an fhóid ag Ionad Fiontar Bia Chrois na Rae

Ionad Fiontar Bia Thiobraid Árann Thuaidh (Crois na Rae) Teo.

Ar an Aoine 27 Feabhra 2009 d'iompaigh an tAire Stáit, Máire Hoctor TD an fód mar chomhartha ar thógáil Ionad nua Fiontar Bia luach €1milliún i gCrois na Rae, Co. Thiobraid Árann. Tá an t-ionad nua tiomnaithe fiontar bia, a bheidh faoi cheannas an phobail, mar fhreagra ilghníomhaireachta ar na ngá atá le leas a bhaint as an earnáil bia sa Chontae. D'aithin an pobal áitiúil go raibh easpa ionad oibre tiomnaithe do bhia ina bhac mór ar bhunú agus ar fhéidearthacht fáis na hearnála bia sa gceantar. Bhí coimisiúnú déanta ag an mBord Fiontar Contae ar staidéar féidearthachta eile i 2005 féachaint le hIonad Fiontar bia comhtháite agus inmharthana a fhorbairt i dTiobraid Árann Thuaidh. Mar thoradh air sin bunaíodh Cuideachta do chur chun cinn an tionscnaimh a sholáthródh áiseanna táirgthe bia d'ardchaighdeán le cistin oibre amháin do mhionfhiontair. Tá pobal Chrois na Rae i gceannas an tionscnaimh seo le tacaíocht agus cuidiú ó ghníomhaireachtaí áitiúla eacnamaíochta ar nós Bord Fiontar Contae Thiobraid Árann Thuaidh Teo., Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh agus Fiontraíocht Éireann. Glacadh le scileanna agus dea-thoil na hearnála príobháidigh freisin, sin Comharchumann Dairygold lena dtacaíocht agus a

gcomhairle. Tá maoiniú faighte ag an ngrúpa ó ghníomhaireachtaí cuí agus beidh an tógáil faoi lán seoil ag deireadh na bliana agus ceaptar go mbeidh na haonaid réidh le n-áitriú i samhradh 2010.

Pictiúr ealaíontóra den ionad nua fiontar bia i gCrois na Rae

Ionaid Fiontar Pobail Dhurlais Teo.

Is iad Cumann Tráchtála Dhurlais atá i mbun Ionad Fiontar Pobail Dhurlais agus fuair siad Deontas Caipitil €450,00 ó Fhiontraíocht Éireann faoi Scéim Ionad Fiontar Pobail i 2008. Buntáiste breise is ea go mbeidh bainisteoir ionad, a roinnfear idir Cloch Shiurdáin agus Crois na Rae, á mhaoiniú ag Fiontraíocht Éireann. Rinne an Chuideachta iarratas ar thacaíocht airgeadais chuig an mBord i 2008. Tá cead ag an mBord suas le 50% de ranníocaíocht Fhiontraíocht Éireann a sholáthar, sa gcás seo sin 50% de €416,959 (sin 45% de €926,576) nó uasmhéid €208,000. Tá i gceist ag Ionad Fiontar Pobail Dhurlais ionad oibre tráchtála 9,236 troigh cearnach a thógáil ar shuíomh 2.4 acra lonnaithe ag Bóthar an Mhuilinn, Móin na Cíbe, Durlas. Tógfar an suíomh úrnua ar léas 35 bliain Ó Chomhairle Baile Dhurlais ar chíos ainmniúil. Tá deis forbartha sa suíomh seacht n-acra, le spás ar fáil do ghnólachtaí éadroma déantúsaíochta/seirbhíse. Tá na Tionscnóirí ag iarraidh go mbeidh an tionscnamh seo ar chéim a haon d'fhorbairt níos mó. Roimh dheireadh na bliana thairg an Bord uasmhéid ranníocaíochta €208,000 (i bhfoirm scaireanna tosaíochta) do thógáil an ionaid oibre tráchtála.

Páirc Fiontar Glas Thiobraid Árann Thuaidh Teo.

In Aibreán 2009 ionchorpraíodh Páirc Fiontar Glas Thiobraid Árann Thuaidh Teo. agus tá ocht stiúrthóir deonach air. Is cuideachta cuibhreannais/brateagraíocht é a bunaíodh chun forbairt mol eicifiontar a bhrú chun cinn i gCloch Shiurdáin. Tá i gceist ag an gCuideachta ionad oibre 7,500 tr. cearnach faoi úinéireacht pobail a bhunú agus a fhorbairt ag 'the Village', Cloch Shiurdáin ar shuíomh a chuir *Sustainable Projects Ireland* ar fáil. Fuair an Chuideachta Deontas Caipitil €450,000 ó Fhiontraíocht Éireann faoin Scéim Ionad Fiontar Pobail i 2008. Ceadaíodh €50,000 eile i leith costas Bainisteoir Ionad ar bhunús roinnte idir Ionaid Pobail Chloch Shiurdáin, Chrois na Rae agus Dhurlais. Cheadaigh Bord Fiontar Contae Thiobraid Árann Thuaidh Deontas Prímeála €135,000 (gnáth €94,500 – inaisíoctha €40,500) don tionscnamh i mí na Nollag ag tógáil san áireamh an costas tógála laghdaithe a measadh ag €600,000 ag an am agus bhí an tairiscint deontais seo cothrom le 50% de ranníocaíocht Fhiontraíocht Éireann.

Suirbhé Fostaíochta 2009

Bhí tionchar an-diúltach ag an ngéarchéim creidmheasa i dtreo dheireadh 2009 ar roinnt mhaith mionfhiontar agus fágadh roinnt acu gan mórán caipiteal oibre rud a d'fhág gurbh éigean dóibh laghdú ó thaobh méide nó stopadh ag trádáil faoi mar a léirítear sa suirbhé bliantúil fostaíochta den dara bliain as a chéile. Ba léir ó thús 2008 go raibh an earnáil thógála ag cliseadh agus titim ar thionscnaimh tógála tráchtála le meath ar fhormhór na ngnólachtaí, a dtodhchaí ag brath ar a gcumas agus ar a ngastacht éagsúlú agus tabhairt faoi réimsí eile agus chuidigh an Bord nuair a b'fhéidir leo é le postanna reatha a choinneáil agus todhchaí an fhiontair a dhaingniú.

I mí na Samhna, deineadh an suirbhé fostaíochta bliantúil a léirigh go bhfuil 732 duine fostaithe (545 go lánaimseartha agus 187 páirtaimseartha) ag fiontair a fuair tacaíocht airgeadais ón mBord. Caillteanas glan de 58 post coibhéiseach é seo ar an mbliain roimhe sin. Tháinig laghdú 49 ar phostanna lánaimseartha d'fhir, laghdú 26 ar phostanna lánaimseartha mná ach bhí méadú de 17 ar phostanna páirtaimseartha. Is in earnáil na seirbhísí a bhí 56% d'fhostaíocht na hearnála mionfhiontar sa chontae le linn na bliana faoi athbhreithniú.





Miosúr 2

Forbairt Fiontraíochta & Inniúlachta

Buiséad

Fuair an Bord €262,164 ón Roinn Fiontar, Trádála & Fostaíochta sa mbliain airgeadais 2009 ach laghdaíodh ina dhiaidh sin é go €254,189. Tugadh an ciste seo le go bhféadfadh an Bord raon bearta forbartha/oiliúna fiontraíochta agus inniúlachta a sholáthar i mbliain féilire 2009. Le linn na bliana cuireadh €20,493 eile le sciar na Roinne rud a tháinig ó tháillí cúrsaí agus clár.

Cúlra

Tá Boird Fiontar Contae & Cathrach freagrach as cultúr fiontraíochta a chothú agus as aird a tharraingt ar fheasacht fiontar ag leibhéal áitiúil. Tá forbairt inniúlachta inmheánach agus teacht ar scileanna nua gnó agus teicneolaíochta mar chuid an-tábhachtach den fhorbairt mionfhiontar. Glacann an Bord ról ceannródaíoch i gcothú dea-chleachtais agus dea-bhainistíocht. Chuige sin, mar aon leis an meantóireacht, a áiríonn cheana féin, bainistíocht ghinearálta, struchtúrú airgeadais, forbairt an táirge, margaíocht, eagraíocht chorparáideach agus pleanáil straitéiseach, eagraíonn an bord modúil thiomnaithe oiliúna i bpríomhscileanna bainistíochta ar nós déanamh cinntí, bainistíocht ama, spreagadh fostaithe, ceannaireacht foirne, réiteach fadhbanna, cumarsáid agus le blianta beaga anuas cruthaíocht agus inniúlacht. Cuireann an Bord buntáistí TFC chun cinn agus tairgíonn meantóirí agus oiliúint thiomanta. Leagan an Bord béim freisin ar níos mó úsáide ar dhearadh ríomhchuidithe agus déantúsaíocht ríomhchuidithe i measc na mionfhiontar trí chúrsaí oiliúna thiomanta “san áitreabh” agus lasmuigh a eagrú. I 2009, ghlac 1,094 duine páirt i mbreis agus 43 tionscnamh Miosúr 2 a sholáthar Bord Fiontar Contae Thiobraid Árann Thuaidh.

Ag Cothú na Feasachta Fiontar

D’eagraigh an Bord seimineáir agus imeachtaí eile le linn na bliana agus rinne foireann de chuid an Bhoird cur i láthair do ghrúpaí pobail agus gnó. Ghlac 159 duine uilig páirt i meascán cruinnithe eolais, taispeántais fiontar, ceardlanna agus imeachtaí bricfeasta.

Deineadh fógraíocht mhaith ar gach clár de chuid an Bhoird sna meáin áitiúla agus tuairiscíodh orthu chuig Aonad Poiblíochta an PFN. Fógraíodh sonraí faoi chúrsaí oiliúna agus seimineáir ar bhunachar sonraí teagmhála leathan agus foilsíodh iad ar shuíomh gréasáin an Bhoird atá ar fáil i nGaeilge, Polainnis agus Rúisis. D’fhoilsigh an Bord sraith nua bileoga eolais a thugann sonraí scéimeanna deontais, tacaíochtaí fiontar agus cúrsaí oiliúna i 2009.

Cláir Scoile

Lean an Bord lena n-iarracht cultúr fiontraíochta a spreagadh sa gcóras oideachais agus timpeallacht a chruthú a mhealladh níos mó daoine lena ngnó féin a bhunú agus a rith. Tacaíonn an Bord le scoileanna trí sholáthar roinnt clár fiontar gníomhaíocht-bhunaithe agus oibríonn siad le scoileanna chun scoláirí a chur ar an eolas faoi choincheap na fiontraíochta trí chláir ar nós Dámhachtainí Fiontar na Scoláirí, Feasacht Fiontar, Teagmháil Fiontar, Agallamh le Fiontraí agus Lá Fiontar. Is féidir le scoláirí oibriú le lucht fiontraíochta áitiúil agus náisiúnta, páirt a ghlacadh i gceardlanna a chlúdaíonn raon leathan topaicí ar nós smaointeoireacht, díolachán agus margaíocht, airgeadas, scileanna cumarsáide agus scríobh tuairiscí.

Sonraítear na cláir ar tacaíodh leo i 2009 sa tuarascáil seo agus ar nós na dtionscnamh eile uilig fógraítear go forleathan iad do bhunscoileanna agus meánscoileanna an chontae.

Agallamh le Fiontraí

I Meán Fómhair fógraíodh an comórtas seo do 76 Bunscoil an Chontae agus bhí duaischiste breá €5,000 as. Tá an scéim deartha le leibhéal na feasachta fiontar i measc dhaltaí bunscoile a mhéadú. Bhuaigh scoláirí 4ú agus 6ú bliain Bhunscoil Easpaig Harty, faoi threoir an mhúinteora Joan O' Meara, comórtas Contae "*Interview with an Entrepreneur"*2008/2009 a bhí urraithe ag Bord Fiontar Contae Thiobraid Árann Thuaidh. Tháinig Scoil na Maighne, Moyne sa dara háit faoi threoir Ester Hogan, agus Scoil Treasa Naofa, Buiríos Léith sa 3ú háit den dara bliain as a chéile agus iad faoi threoir Ms. Butler. Rinne ionadaí ón gCumann Tráchtála agus ó Bhord Fiontar Chontae Luimnigh moltóireacht ar an gcomórtas. I measc na nduaiseanna scoile bhí ríomhaire glúine lena chása don scoil bhuacach, agus ceamaraí digiteacha do na scoileanna a tháinig sa dara agus tríú áit. Bronnadh duais airgid €1,500 ar na trí iontráil bhuacacha, €700 do Bhunscoil Ballinree, €500 do Scoil na Maighne Moyne agus €300 do Bhunscoil Bhuiríos Léith. Chomh maith leis sin, fuair na scoileanna buacacha teastas gnóthachtála i bhfráma agus grianghraf agus fuair Múinteoir gach iontráil a bhuaigh Dearbhán Leabhar €100.

Scoláirí agus Múinteoirí as Bunscoil Easpag Harty ag glacadh a ndámhachtain ó BFCTÁT in éineacht leis an gComh. Tom Berkery.

Dámhachtainí Fiontar na Scoláirí 2008/2009

In Óstán an Abbey Court san Aonach ar an 4 Márta fógraíodh buaiteoirí Chraobh Contae Dhámhachtainí Fiontar Scoláirí 2008/2009 a bhí curtha chun cinn ag Bord Fiontar Contae Thiobraid Árann Thuaidh.

Bhuaigh Meánscoil Mhuire (St.Mary's), An tAonach, an Cagatóir Sinsearach lena n-iontráil gnó *'Texting 4 U'* agus Gaelcholáiste na Siúire, Durlas an catagóir idirmheánach lena n-iontráil *'Celtic Ogham Designs'* agus CBS St. Joseph's an catagóir sóisearach lena n-iontráil gnó '*Krafty Kardz'*. Bhí duaischiste 2009 roinnte idir na cúig scoil rannpháirteacha. Tugadh an comórtas chun críche le searmanas duaiseanna, taispeántas táirgí, agallamh scoláirí agus i gcás na scoláirí sinsearacha cur i láthair Powerpoint. Thug 93 scoláire as 5 scoil áitiúil léiriú ar 30 gnó ag craobh 2009 agus bhí Brian Ormond RTÉ ina óstach le cúnamh ó Micky Harte (iarbhuaiteoir "You're a Star" RTÉ).

Feasacht Fiontar ag Institiúid Thiobraid Árann

Tugadh cuireadh do na meánscoileanna uilig i dTiobraid Árann Thuaidh bheith páirteach i 'Laethanta Fiontar' – tionscnamh a dhear an Bord mar spreagadh agus mar chothú breise ar chultúr fiontraíochta i measc scoláirí dara leibhéal. I 2009, bhí BFCTÁT i gceannas tionscnaimh le himeacht dírithe ar 'Fiontar' a chur ar fáil do scoláirí dara leibhéal sa réigiún. Leis an imeacht bhíothas ag iarraidh foghlaim agus cleachtadh fiontar a nascadh, rud a thabharfadh deis do na scoláirí plean gnó mionfhiontar a mheas agus a fhorbairt. Eagraíodh ceardlanna um ghiniúint smaointe, idirghníomhaíocht le fiontraithe agus ceardlann spreagachta le Kevin Kelly Unlimited mar chuid den Lá Fiontar. D'fhreastal 427 scoláire as 6 mheánscoil ar Institiúid Thiobraid Árann ar feadh 3 lá.

Teagmháil Fiontar

Forbraíodh Teagmháil Fiontar chun tacú le múinteoirí clár feasachta fiontar a bheadh gníomhach agus bunaithe ar an scoláire a chur ar fáil. Is rogha é an clár do scoileanna nach bhfuil ag iarraidh bheith páirteach i Laethanta Fiontar nó Dámhachtainí Fiontar do Scoláirí cheal ama nó constaicí eile. Tugann sé deis do scoláirí idirghníomhú le lucht fiontraíochta áitiúil agus ag an am céanna bheith dírithe ar a gcuid foghlama féin. Tá dhá ghné sa tionscnamh. Ar dtús, labhraíonn an Leas-POF leis na scoláirí faoi ról agus feidhmeanna an Bhoird agus tugann léiriú ar na tacaíochtaí atá ar fáil chun gnó a thosú. Ansin bíonn seisiún ceisteanna agus freagraí ann. Labhraíonn Fiontraí áitiúil ansin leis na scoláirí agus insíonn faoina dtaithí féin maidir lena ngnó a rith, na buntáistí agus míbhuntáistí a bhíonn ann agus na deiseanna a d'fhéadfadh a theacht chun cinn. Tógann an cur i láthair seo 20-30 nóiméad agus bíonn seisiún eile ceisteanna agus freagraí ansin ann rud a thugann deis do na scoláirí caint oscailte a bheith acu leis an bhFiontraí. Ghlac 17 scoláire páirt sa tionscnamh seo i 2009 agus cuireadh meantóireacht duine le duine ar fáil do 9 scoláire triú leibhéal ag Coláiste Eile.

Meánscoil Mhuire, An tAonach, buaiteoirí Chatagóir Sinsearach Chraobh Contae Dhámhachtainí Fiontar na Scoláirí 2009

Bhuaigh Gaelcholáiste na Siúire, Durlas duais an Chatagóra Idirmheánaigh Iena n-iontráil 'Celtic Ogham Designs' a chuir Pádraig Ó Súilleabháin chun cinn.

Ceardlanna & Cúrsaí Oiliúna i Scileanna Gnó

D'eagraigh an Bord 18 cúrsa éagsúil oiliúna i scileanna gnó i 2009 ar thopaicí ar nós Cuntasaíocht Bhainistíochta, Bainistiú i Lagtrá Eacnamaíochta, Tosaigh do Ghnó Féin, Ag Díol ar eBay, Maoin Intleachtúil & Paitíní, Leabharchoimeád Bunúsach, Pleanáil Comhleantach, Díolacháin & Margaíocht, Meáin Shóisialta, Forbairt Phearsanta srl. Eagraíodh trí Chlár Tosaigh do Ghnó Féin i 2009 in éineacht le dhá thionscnamh *Start Up Boot Camps* ar a fhreastal 87 fiontraí féideartha. Ghlac 254 duine san iomlán páirt in oiliúint scileanna gnó le linn na bliana faoi athbhreithniú.

Tacaíochtaí don Earnáil Cheardaíochta

Tá Bord Fiontar Thiobraid Árann Thuaidh tiomanta ar chúnamh a thabhairt d'fhiontair Cheardaíochta sa Chontae le go dtiocfaidh méadú agus forbairt orthu. Tuigeann an Bord na dúshláin a bhaineann leis seo ó thaobh na gcostas táirgeachta méadaithe a mbíonn tionchar diúltach acu ar dhíolacháin agus lámhálacha, an fás mór ar iompórtálacha a chuireann leis an iomaíocht agus leis na deacrachtaí a bhaineann le cothabháil oibriúchán duine aonair faoin tuath. Úsáideadh an líne '*Go all the way to Tipperary*' mar bhratbhranda d'ocht dtáirgeoir táirgí bia agus bronntanas a bhí ag trádáil ag Milwaukee Irish Fest 2009 –an fhéile cheoil agus cultúir Éireannaigh is mó sa domhan. Bhí an imeacht ceithre lá a chomórann cultúr agus oidhreacht na hÉireann ar siúl ar chladaí Loch Michigan i Wisconsin SÁM. D'eagraigh Boird Fiontar Contae Thiobraid Árann Thuaidh agus Theas láithreacht mhór ag Féile 2009 agus chuidigh le gnólachtaí beaga páirt a ghlacadh ann trína gcuid táirgí a sheoladh anonn dóibh, trí sheastán nua taispeántais Bhranda Thiobraid Árann a choimisiúnú agus aistrithe aerfoirt a eagrú don toscaireacht. Bhí ionadaíocht ann freisin ag Cuideachta Turasóireachta Thiobraid Árann Thuaidh agus a seastán féin acu sa rannóg turasóireachta. Taispeánadh agus díoladh táirgí le hocht ngnólacht ceardaíochta ag an bhFéile ina measc Crossogue Preserves, Gaelic4orce, Rory Donohoe Handmade Silver & Gold, Feileacan Accessories, The Auld Sod, The Gifted Hand, John Cash Golden Photography agus Richard Gough Sculpture. Bhí an tAire Stáit i Roinn an Taoisigh agus an Príomh-Aoire, an tUas Pádraig Ó Ciardha TD ag déanamh ionadaíocht ar an Rialtas ag an bhFéile mór Éireannach seo sna SA agus é mar phribhléid ag toscaireacht Thiobraid Árann gur léigh siad ag Aifreann lasmuigh an Domhnaigh, ceann de bhuaiceanna an Irish Fest.

Tús Nua

I gcomhar le gníomhaireachtaí áitiúla agus náisiúnta eile d'eagraigh an Bord *Tús Nua* arís i bPáirc Thomand i Luimneach agus é dírithe orthu siúd faoi thionchar iomarcaíochta agus leagan as oibre. Tharraing an imeacht a bhí ar siúl san Aonach ar an 26 Bealtaine 250 duine. Thug an t-aonach léiriú ar na deiseanna agus tacaíochtaí éagsúla atá ar fáil ó thaobh oideachas, oiliúint, agus tacaíochtaí fiontar. Ceapadh gur sampla iontach comhpháirtíochta agus comhoibrithe a bhí san imeacht idir ghníomhaireachtaí áitiúla agus náisiúnta mar aon le hoideachasóirí agus bhí eolas agus deasca cabhrach ann mar aon le sraith ceardlanna gearra faoi theidlíochtaí leasa shóisialaigh, tacaíochtaí oideachais tríú leibhéal agus tosú gnó. Roimh dheireadh na bliana deineadh teagmháil le gach duine a chláraigh ag 'Tús Nua' le theacht ar a stádas agus riachtanais leanúnacha ó thaobh oideachas, oiliúint/nua-oiliúint nó síolchaipiteal do chruthú fiontar.

Ó chlé go deas, Antionette Coffey, Dr. Maria Hinfelaar, Helen Brennan, Catherine Hogan, Moya Breen, Rita Guinan agus Peter Ryan

Na deasca eolais ag Tús Nua

Oiliúint Fiontar Bia

D'fhostaigh an Bord Yvonne Scully & Associates chun oiliúint i bPacáistiú & Brandáil Bia a chur ar fáil do ghnólachtaí bia i dTiobraid Árann Thuaidh. Bhí an oiliúint i bhfoirm meantóireachta duine le duine agus é dírithe ar fhiontair dhéantúsaíochta nua nó forbartha bia atá ag iarraidh a bpacáistiú, réamhfhógraíocht agus féiniúlacht corparáideach a fheabhsú. Ghlac 6 ghnólacht áitiúil an deis seo.

Seachtain Gnó Réigiúnach an Mheán-Iarthair

Bhí Seachtain Gnó Réigiúnach an Mheán-Iarthair, a bhíonn urraithe ag Banc na hÉireann, ann ón 5-9 Deireadh Fómhair 2009. Dearadh an tseachtain gnó réigiúnach le deis a thabhairt d'fhiontraithe páirt a ghlacadh i sraith leathan d'imeachtaí éagsúla. Cuireadh clinicí comhairle airgeadais agus sain-mheantóireacht ar fáil i gcuid mhaith ionad le linn na seachtaine. Tionscnamh comhoibríoch a bhí anseo idir Bhoird Fiontar Contae & Cathrach an Mheán-Iarthair agus Fiontraíocht Éireann. Sheol an Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta Máire Ní Chochláin TD an oscailt oifigiúil agus taispeántas fiontar. Is é Séan Gallagher Dragon's Den a thug an

príomhaitheasc ag imeacht líonraithe réigiúnach an Mheán-Iarthair a bhí ann leath bealaigh tríd an tseachtain gnó.

Sa ngrianghraf ó chlé tá Bernie Moloney, BFC Chathair Luimnigh, Eleanor Forrest, BFC Thiobraid Árann Thuaidh, Lucy Reidy, BFC an Chláir agus Sean Gallagher Dragon's Den

New Horizons

Tháinig na ceithre Bhord as Réigiún an Mheán-Iarthair (Cathair & Contae Luimnigh, An Clár & Tiobraid Árann Thuaidh) le chéile chun imeacht líonraithe a eagrú do chuideachtaí sa réigiún. Bhí an imeacht ar a tugadh "New Horizons" deartha le deis a thabhairt d'úinéirí/bainisteoirí gnó teacht ar theagmhálacha nua, caidrimh a fhorbairt agus a láidriú agus smaointeoireacht nua a fhorbairt le margaí nua a fháil. Bhí an imeacht ar siúl in Óstán Radisson i Luimneach san Aibreán agus thug Bill Cullen, RTÉ, údar agus fiontraí an príomhaitheasc.

Sa ngrianghraf ó chlé go deas tá Bernie Moloney, Bord Fiontar Chathair Luimnigh, Lucy Reidy, BFC an Chláir, Bill Cullen, Heather Supple, Bord Fiontar Contae Luimnigh agus Eleanor Forrest, BFCTÁT

Forbairt Bhainistíochta

Lean an Bord lena n-iarracht i 2009 le húinéirí/bainisteoirí a réiteach do na cúinsí eacnamaíochta dhúshlánacha trí oiliúint sa bhForbairt Bhainistíochta a eagrú. Le linn na bliana, ghlac 49 úinéir/bainisteoir uilig páirt i roinnt tionscnamh oiliúna sa bhForbairt Bhainistíochta.

Liam Brennan ó Brenwood Products Ltd. ag caint le Rita Guinan ag an gcruinniú eolais bricfeasta

Ghlac 11 gnólacht páirt i gclár creidiúnaithe san Aonach ina raibh 25 ceardlann maidine agus 3 chruinniú ar an suíomh le déileáil le ceisteanna rúnda gnó. Is é Blaise Brosnan, Speisialtóir um Éifeachtúlacht Corparáideach le Management Resource Institute, Loch Garman a bhí i mbun chlár Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge, agus faoin am ar críochnaíodh bhí plean gnó curtha le chéile do gach fiontar agus rogha ag na rannpháirtithe a bplean gnó a sheoladh isteach do chreidiúnú Institiúid Phort Láirge. Roimh an gclár oiliúna bhí imeacht eolais bricfeasta ann le cás-staidéar ó chlár na bliana roimhe sin.

Smart Knowledge

In Earrach 2009 d'óstaigh BFC Thiobraid Árann Thuaidh sraith de shé sheimineár 'Smart Knowledge' inar clúdaíodh Maoin Intleachtúil, Brandáil, Bainistiú ar Athrú srl. Thug na hoiliúnaithe uirlisí agus teicnící tobsmaointeoireachta leo, le smaointe agus próisis nua gnó a fhorbairt chun tuairimí a mheas i gcoinne iomaitheoirí.

Bhí gnólachtaí rannpháirteacha incháilithe freisin do mheantóireacht agus comhairle thiomanta má bhí sé uathu i ndiaidh an chláir. Ní raibh le n-íoc ag na gnólachtaí incháilithe ach 10% de chostas an speisialtóra meantóireachta/comhairliúcháin. Ghlac 45 duine páirt sna grúpcheardlanna oiliúna agus bhí 9 ngnólacht ag iarraidh meantóireacht thiomnaithe. Rinne Deirdre Johnston, T/m *Fruition* comhordú ar an tionscnamh.

Meantóirí, Comhairleoirí Gnó agus Comhairleoirí d'Fhorbairt Cuideachta

I measc tacaíochtaí eile a soláthraíodh d'fhorbairt bhainistíochta le linn na bliana bhí

sannadh Meantóirí, Comhairleoirí d'Fhorbairt Cuideachta, Comhairleoirí Gnó agus speisialtóirí T&F. I gcás sannta d'fhorbairt Cuideachta ina gceaptar sainchomhairleoirí le déileáil le ceisteanna áirithe sa bhfiontar a d'fhéadfadh iad seo a leanas a áireamh -pleanáil gnó/straitéiseach, bainistíocht airgeadais, margaíocht, forbairt táirge, costáil, dearadh, brandáil nó feabhas ar chéannacht chorpraithe, ní íocann an tairbhí ach 10% den chostas sannacháin agus íocann an Bord an 90% eile de na costais. Ceapann an Bord comhairleoirí as painéal faofa a dhéanann siad suas ar bhunús débhliantúil tar éis próiseas tairisceana/meastachán agus caithfidh na comhairleoirí uilig a cheaptar Árachas Slánaíochta Gairmiúil agus Deimhniú Imréitigh Cánach a bheith acu.

Forbairt Suíomh Gréasáin & Deontais eile

Tairgíonn an Bord raon bogthacaíochtaí freisin i bhfoirm deontais ar nós Forbairt Suíomh Gréasáin, Deontais do Thaispeántais agus d'Oiliúint.

Deontais d'Fhorbairt Suíomh Gréasáin

Thairg Bord Fiontar Contae Thiobraid Árann Thuaidh cúnamh deontais do 13 gnólacht le linn na bliana. Baineann an scéim le fiontair incháilithe sa Chontae, sé sin gnólachtaí a fhostaíonn níos lú ná deichniúr foirne agus a fheidhmíonn in earnáil na déantúsaíochta, sna seirbhísí trádála idirnáisiúnta, sna hearnálacha turasóireachta agus ceardaíochta, ar bhunús aon uaire, chun láithreacht gréasáin a bhunú agus deiseanna margaíochta gréasáin a mhéadú. Ní cháilíonn miondíol ná dáileadh. Is €1,000 an deontas is mó atá le fáil nó 50% den fhíorchaiteachas incháilithe faoi réir teora de €2,000, cibé acu is lú. Sa gcaiteachas incháilithe áireofar costas an dearadh, íomháineachas/grianghrafaíocht dhigiteach, an chéad chlárú ar ainm fearainn agus optamú ineall cuardaigh. Rinne an Bord maoiniú ar 2 shannadh Tech Check i 2009 mar gur críochnaíodh an scéim náisiúnta buiséad ar leith a bhíodh ann dó.

Meantóirí ríomhthráchtála

Tairgíonn an Bord tacaíocht meantóirí Ríomhthráchtála freisin chun láithreacht gréasáin gnólachtaí beaga a mhéadú agus rangú a n-ineall cuardaigh a fheabhsú. Ceaptar Meantóirí agus Cóitseálaithe Ríomhthráchtála ó phainéal faofa agus glactar leis go dtabharfaidh tairbhithe de chuid na scéime ranníocaíocht ainmniúil i leith gach seisiún cóitseála. Le linn na bliana freisin d'eagraigh an Bord ceardlann oiliúna meán sóisialta le go bhfaigheadh rannpháirtithe cleachtadh ar na suímh líonraithe gréasán-bhunaithe a bhí ag teacht chun cinn.

Tacaíocht d'Iontráil Margaidh

Tá rathúlacht sna margaí easpórtála fiorthábhachtach d'fhás fadtéarmach gnólachtaí Éireannacha agus d'eacnamaíocht na hÉireann. Tá tacaíocht do chuideachtaí atá dírithe ar scair margaidh idirnáisiúnta a fhorbairt tábhachtach d'aidhmeanna Bhord Fiontar Contae Thiobraid Árann Thuaidh. Thug an Bord isteach Ciste nua d'Fhorbairt Margadh Easpórtála i 2007 le freastal ar riachtanais úinéirí/bainisteoirí a bhíonn gafa le gníomhaíochtaí trádála easpórtála/idirnáisiúnta. Cuidíonn an scéim le cuideachtaí le huasteora caiteachais €4,000 sa bhliain ag ráta de 50% nó uasdeontas de €2,000 cibé acu is lú. Tugadh deontas do shé chuideachta i 2009 le páirt a ghlacadh i dtaispeántais agus aonaigh thrádála thar lear.

Deontais do Thaispeántais & Aonaigh Thrádála

Tairgíodh Deontais Taispeántais do sheacht ngnólacht i 2009 agus ghlac cuideachta amháin páirt i SHOP (Taispeántas Bia & Dí na hÉireann roimhe sin) ag an RDS i Meán Fómhair agus cuideachta eile páirt i Showcase san RDS san Eanáir. Cuidíonn scéim na nDeontas Taispeántais le cuideachtaí le huasteora caiteachais €2,000 sa bhliain ag ráta de 50% nó uasdeontas de €1,000 cibé acu is lú. De ghnáth bíonn an Scéim teoranta do ghnólachtaí incháilithe.

Sa ghrianghraf ag láithriú taispeántais sna SA tá Ann Frawley agus Georgina Chambers ó Gaelic 4orce leis an Aire Stáit i Roinn an Taoisigh Pádraig Ó Ciardha TD.

Dámhachtainí Náisiúnta Fiontar

Comórtas Contae 2009

Sa ghrianghraf ag craobh náisiúnta Chomórtas na nDámhachtainí Fiontar i gCaisleán B.Á.C. tá, ó chlé go deas, Rita Guinan, BFCTÁT, Veronica Molloy, 'Crossogue Preserves', Brian Dobson RTÉ agus Tony Molloy, 'Crossogue Preserves'.

Fógraíodh Veronica Molloy T/m 'Crossogue Preserves', Ballycahill mar mhórbhuaiteoir Chomórtas Contae Dhámhachtainí Náisiúnta Fiontar 2009 agus ba iad Lyncare Systems Ltd, f/ch Gordon agus Andrea Lynch, Aonad 3, Páirc Gnó Shannonside, Cnocán an Éin Fhinn a tháinig sa dara háit. Fógraíodh na buaiteoirí ag searmanas bronnta duaiseanna am lóin san Aonach ar an 1 Deireadh Fómhair.

Tugadh isteach an comórtas i 1997 agus aithnítear ann an cuidiú atá sna mionfhiontair d'fhorbairt eacnamaíochta na hÉireann agus aithnítear a ról i bhforbairt earnáil ghnó dhúchasach, bríomhar agus rathúil. Tá an comórtas oscailte do na mionghnólachtaí uilig a fhaigheann tacaíocht airgid óna Boird Fiontar Contae nó Cathrach. Bíonn duaischiste €3,000 mar aon le duaiseanna criostail Louise Kennedy le fáil as an gcomórtas Contae seo mar aon le teastais ghnóthachtála. Fuair buaiteoirí an Chontae, 'Crossogue Preserves', seic €1,500 agus rachaidh siad ar aghaidh le hionadaíocht a dhéanamh ar Thiobraid Árann Thuaidh sa gcomórtas Náisiúnta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath ar an 10 Samhain. Bronnadh duaischiste €1,000 ar Lyncare Systems Ltd. chomh maith le píosa criostail.

Bhí buaiteoir 2008, an tUas. Ed Field, Digino Marketing Ltd. ina aoichainteoir ag searmanas dhámhachtainí an Chontae agus d'inis sé faoina thaithí agus faoina buntáistí a bhí sa mbua dá chuideachta. Bhí Brian Keating, Forbairt na Sionna agus Tom O' Keefe ó Bhanc na hÉireann i measc mholtóirí 2009. Tá duaischiste os cionn €20,000 as an gComórtas ag an leibhéal Náisiúnta agus faigheann na cuideachtaí buacacha moladh agus clúdach preasa luachmhar as.

Staidéar Ionad Oibre Dhurlais

I ráithe deiridh 2009, ar éileamh ó Thionscnóirí Ionad Fiontar Pobail Dhurlais, rinne an Bord coimisiúnú ar staidéar i leith soláthar agus éileamh spás oibre i nDurlas agus ina chomharsanacht (raon 10 míle). Sa staidéar bhíothas ag iarraidh fáil amach cé mhéid spás oibre a bhí ar fáil i mbaile Dhurlais agus a chomharsanacht agus an t-éileamh a d'fhéadfadh a bheith ag fiontraithe reatha agus féideartha ar spás breise. D'fhostaigh an Bord comhairleoir áitiúil leis an staidéar a dhéanamh ar a son. Bhí eolas sa tuarascáil faoin méid spáis atá i nDurlas, den chineál a bheidh san Ionad Fiontar Pobail atá beartaithe i nDurlas, agus faoi riachtanais spás oibre d'fhiontraithe, do ghnólachtaí i mbun forbartha sa gcomharsanacht agus do chéimithe institiúidí 3ú leibhéal sa réigiún mar aon le léiriú ó ghníomhaireachtaí eile m.sh. Teagasc, Leader, Forbairt na Sionna maidir le léirithe spéise, más ann dóibh, sa spás oibre atá ar fáil sa gceantar. Chuidigh torthaí an staidéir i leith chinneadh deiridh Chumann Tráchtala Dhurlais dul ar aghaidh le hIonad Fiontar nua sa mbaile agus mhaoinigh an Bord seo ina dhiaidh sin é.

Scéim um Dheontas Fuinnimh

I mí Iúil, d'eagraigh Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh agus Gníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann i gcomhar le Bord Fiontar Contae Thiobraid Árann Thuaidh Trathnóna Eolais d'úinéirí agus áitritheoirí áitribh ghnó faoin Scéim um Dheontas Fuinnimh Neamhchónaithe SERVE atá maoinithe ag an AE. Bhí an scéim deontais oscailte d'úinéirí/áitritheoirí áitribh ghnó a bhí lonnaithe sa réigiún SERVE – Baile an Aonaigh, Tuaim Uí Mheára, Baile Uí Mhacaí, Cloch Shiurdáin, Baile an Gharraí, Baile Uí Lachnáin, Ráth Cabáin, Coillte Rua, Lothra, Tír Dhá Ghlas, Drom Inbhir, Buiríos Uí Chéin, Ard Cróine agus ceantair mórthimpeall. Tugadh spreagadh do gach úinéir gnó sa gceantar ainmnithe freastal air agus iarratas a dhéanamh faoin scéim.

Mná i mBun Gnó

Lean an Bord orthu ag tacú le fiontraíocht ban le linn na bliana trí urraíocht an Líonra áitiúil agus ceapadh Comhordaitheoir (Event Success) lena bhféilire gníomhaíochtaí a phleanáil agus a eagrú. Caitheadh os cionn €10,000 i 2009 ar thacaíochtaí do mhná i mbun gnó agus ar fheidhmiú gníomhaíochtaí agus straitéis a gheobhadh réidh leis na constaicí áirithe a chuireann as do mhná a d'fhéadfadh a bheith ina bhfiontraithe. D'fhreastail roinnt toscairí as Tiobraid Árann Thuaidh ar chomhdháil Ghréasán Éireann i gCathair na Mart agus d'fhreastail roinnt eile ar Dhámhachtainí WMB O2 i mBaile Átha Cliath. Tacaíodh leis an Líonra freisin le linn na bliana chun láithreacht gréasáin a bhunú.

Lá Náisiúnta Fiontar na mBan

D'fhreastail breis agus 250 fiontraí agus gníomhaireachtaí, eagraíochtaí srl. ar an tríú Lá náisiúnta Fiontar na mBan a bhí ar siúl in óstán an Mullingar Park ar an 20 Samhain. Roimh an imeacht bhí tráthnóna líonraithe ann ar an 19 Samhain ag Gay Moore agus tharraing sé breis agus 100 rannpháirtí. Ar Lá Náisiúnta Fiontar na mBan bhí comhdháil lá iomlán ann, mar aon le taispeántas agus gné "Meet the Mentor". I measc na bpríomhchainteoirí ag an gcomhdháil bhí an Tánaiste agus an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Máire Ní Chochláin T.D, Jo Fairley, comh-bhunaitheoir Seacláid Orgánach Green and Black's, Údar Meán Sóisialta, Krishna De agus Rita Shah ó Shabra Plastics i Muineachán. Bhí an fiontraí áitiúil Marion Murphy Cooney ag an imeacht freisin agus í páirteach sa gcuid a bhain le plé an phainéil agus an chás-staidéir.

Kerrie O'Connor a chomhordaigh gníomhaíochtaí Líonra Mhná i nBun Gnó Thiobraid Árann Thuaidh i 2009

Bord Fiontar Contae Thiobraid Árann Thuaidh Teoranta

Ráitis Airgeadais

don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

Clár

Ballraíocht an Bhoird agus Eolas Ginearálta 37

Tuairisc na Stiúrthóirí agus Ráiteas ar Dhualgais na Stiúrthóirí..... 38-43

Ráiteas faoin gCóras um Rialú Inmheánach Airgeadais..... 44-45

Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 46-47

Ráiteas faoina Polasaithe Cuntasaíochta..... 48-49

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais..... 50

An Clár Comhardaithe 51

Nótaí ar na Ráitis Airgeadais 52-59

Ballraíocht an Bhoird & Sonraí na Cuideachta

Baill an Bhoird:	Matt Shortt, Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh (Cathaoirleach) Alice Varley, Bantracht na Tuaithe (Leas-Chathaoirleach) Jimmy Murphy, (Feirmeoireacht) Tim Young, Eagraíocht Pobail & Dheonach John Guilfoyle, Gnó/Cumainn Thráchtála Mattie Ryan, BCC Pauline Coonan, BCC Jerry Moloney, Fiontraíocht Éireann Paul Gavan (SIPTU) (ceaptha 8 Eanáir) Terry McKenna (IBEC) (ceaptha 16 Márta) Jim Ryan, BCC (éirithe as 15 Iúil) Michael O'Meara BCC (ceaptha 30 Deireadh Fómhair) Seamus Hanafin, BCC (éirithe as 15 Iúil) Virginia O'Dowd BCC (ceaptha 4 Samhain) Dr Alice Morgan, Forbairt na Sionna (éirithe as 15 Iúil) Brian Keating, Forbairt na Sionna (ceaptha 27 D. Fómhair) Liam Mullane, Teagasc (éirithe as 14 Eanáir) Michael Murray, Comhpháirtíocht Leader Thiobraid Árann Thuaidh (ceaptha 15 Iúil) Bríd Kennedy, FÁS (Éirithe as 22 D. Fómhair) Denis Gleeson, FÁS (ceaptha 19 D. Fómhair)
Rúnaí na Cuideachta & POF:	Rita Guinan
Oifig Chláraithe:	Sráid Connolly, An tAonach, Co. Thiobraid Árann.
Uimh. Chláraithe na Cuideachta	224668
Iniúchóirí:	An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, Foirgneamh an Státchiste, Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2.
Baincéirí:	Banc na hÉireann, Sráid an Mhistéalaigh, An tAonach, Co. Thiobraid Árann.
Aturnaetha:	MacGrath & Co. 51 Sráid Mhic Coinín, An tAonach, Co. Thiobraid Árann.

Tuairisc Bhord na Stiúrthóirí don bhliain dar críoch 31 Nollaig, 2009

Príomhghníomhaíochtaí

Is é feidhm reachtúil Bhord Fiontar Contae Thiobraid Árann Thuaidh ná gníomhaíocht eacnamaíochta agus fiontraíochta a spreagadh ag an leibhéal contae agus deis in earnáil an mhionghnó a fhorbairt d'fhiontair áitiúla dhúchasacha.

Áirítear ar na príomhghníomhaíochtaí:

- Cúnamh Airgeadais Roghnach – Miosúr 1
- Forbairt Fiontraíochta & Inniúlachta - Miosúr 2

Buaiceanna 2009

Cúnamh Airgeadais Roghnach–Miosúr 1

Cúnamh Airgeadais

Tugadh cúnamh deontais do 32 tionscnamh le linn na bliana. Aistarraingíodh ceithre thairiscint deontais agus aon pháirtdheontas amháin níos deireanaí (fostaíocht €14,000 agus Caipiteal €50,000) rud a d'fhág glandheontais €646,750 do 28 tionscnamh incháilithe le cumas 35 post a chruthú (27 lánaimseartha agus 8 páirtaimseartha). Ceadaíodh 24% ar an meán de na deontais, as a dtiocfaidh infheistíocht caipitil €2,696,515.

Íocadh amach deontais de €273,051 san iomlán le 26 fiontar incháilithe, ina raibh gné inaisíoctha de €86,101 nó 32%.

Postanna a Cruthaíodh

Deineadh an suirbhé fostaíochta bliantúil i mí na Samhna, rud a léirigh go bhfuil 732 duine fostaithe (545 go lánaimseartha agus 187 páirtaimseartha) ag fiontair a bhfuil tacaíocht airgeadais faighte acu ón mBord. Caillteanas glan de 58 post coibhéiseach é seo ar an mbliain roimhe sin. Tháinig laghdú 49 ar phostanna lánaimseartha d'fhir, laghdú 26 ar phostanna lánaimseartha mná agus tháinig méadú de 17 ar phostanna páirtaimseartha. In earnáil na seirbhísí a bhí 60% d'fhostaíocht na hearnála mionfhiontair sa chontae le linn na bliana faoi athbhreithniú.

Ionstraimí Nua Airgeadais

I 2009 cheadaigh an tAire Fiontar, Trádála & Nuálaíochta sraith nua Ionstraimí Airgeadais a tháinig i bhfeidhm ar an 2 Samhain. Sna deontais nua áirítear Prímeáil, Leathnú/Forbairt Gnó agus Féidearthacht/Nuálaíocht. Beidh na deontais nua ann in áit Fostaíocht & Caipiteal ach bainfidh siad fós le gnólachtaí a fhostaíonn deichniúr foirne nó níos lú in earnálacha incháilithe na déantúsaíochta agus na seirbhísí trádála idirnáisiúnta.

Teastastú na Scéime um Leathnú Gnó do Hennessy Eco Ltd. faoi Ordú um Fhorbairt Tionscail (Tionscail Seirbhíse) (I.R. Uimh. 458 de 2003).

Cheadaigh an Bord iarratas Teastasú d'Ionad Athchúrsála Feithiclí Deireadh Ré atá lonnaithe i gCill Shléibhe, An Teampall Mór. I measc na ngníomhaíochtaí athchúrsála beartaithe áirítear Feithiclí Inneallghluaiste Deireadh Ré a mheastar mar obair thrádála incháilithe faoin Ionstraim reachtúil seo. D'eisigh an Bord an Teastasú bunaithe ar na gníomhaíochtaí atá sonraithe sa bPlean Gnó agus a chreideann siad a bheith clúdaithe faoi Thionscal na Seirbhísí mar atá leagtha síos i Sceideal an Ordaithe um Fhorbairt Tionscail (Tionscail Seirbhíse) 2003 (I.R. Uimh. 458 de 2003).

Forbairt Fiontraíochta & Inniúlachta - Miosúr 2

I 2009 fuair an Bord allúntas €262,164 do Mhiosúr 2 ach laghdaíodh ina dhiaidh sin é go

€254,189. Cuireadh €20,493 ó tháillí cúrsaí leis. Faoi dheireadh na bliana bhí €281,887 caite ar 43 togra éagsúil agus ghlac 1,094 duine páirt i seimineáir, cúrsaí, forbairt bhainistíochta, meantóireacht/cóitseáil, deiseanna do thaispeántais mar aon le cláir Scoile. Tá sonraí thíos ar bhuaiceanna na Forbartha Fiontraíochta & Inniúlachta i 2009:

Seimineáir & Feasacht Fiontar

D'eagraigh an Bord seimineáir agus tionscnaimh feasachta fiontair i 2009 ar nós na sraithe "Smart Knowledge", bricfeasta eolais faoi fhorbairt bhainistíochta, Seachtain Gnó Réigiúnach an Mheániarthair, Margadh Deiseanna Tús Nua srl. Rinne foireann an Bhoird cur i láthair freisin ag cruinnithe Cumainn Thráchtála agus ag imeachtaí eolais Grúpaí Pobail. Le linn na bliana sheol an Bord leagan nua dá n-eolaire gnó ar líne www.tipperarydirectory.ie a thairgíonn liostáil idirlín saor in aisce do ghnólachtaí i dTiobraid Árann. Fógraíodh cláir uilig an Bhoird go forleathan sna meáin áitiúla agus tuairiscíodh iad don Aonad Poiblíochta PFN mar ba ghá.

Oiliúint i Scileanna Gnó

Ghlac 254 duine páirt in 18 tionscnamh éagsúil a d'eagraigh an Bord i 2009. Ar chuid de na cúrsaí a cuireadh ar fáil bhí Tosaigh do Ghnó Féin, Ag Díol ar E-bay, Pleanáil Comhleantach, Nuáil nó Stad, Maoin Intleachtúil & Paitíní, Bun Leabharchoimeád, Líonrú Meáin Shóisialta, Margaíocht Cliste, Cuntais Ríomhairithe srl.

Forbairt Bhainistíochta

Chuir an Bord 5 thacaíocht d'Fhorbairt Bhainistíochta ar fáil le linn na bliana agus ghlac 40 gnólacht leo. Áirithe sna cláir bhí meascán ceardlanna grúpoiliúna agus cuairteanna Meantóra ar an suíomh nó comhairleoireacht agus fabhtcheartú tiomnaithe ar an suíomh. Chuir Blaise Brosnan ó MRI *Management Resource Institute* clár cuimsitheach um fhorbairt bhainistíochta a bhí creidiúnaithe ag Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge ar fáil do 11 gnólacht, ghlac 21 gnó eile le tacaíocht Meantóra chun déileáil le ceisteanna rúnda gnó, rinne gnólacht amháin an clár 'Irish Exporters Celtic Recipes', 1 'First Flight' agus ghlac 7 ngnólacht páirt i 'Mid West Engineering Skillnet'.

Forbairt Cuideachta & Tascanna Eolais Cliste

Cheap an Bord Meantóirí agus Comhairleoirí speisialta do 9 ngnólacht chun cuidiú leo le forbairt táirgí nua, nuálaíocht, brandáil, dearadh agus ceisteanna faoi mhaoin intleachtúil.

Mná i mBun Gnó

Le linn na bliana, lean an Bord orthu ag maoiniú gníomhaíochtaí Líonra Mhná i mBun Gnó Thiobraid Árann Thuaidh. Rinne siad urraíocht ar dhaoine le freastal ar imeachtaí líonraithe idirchontae, náisiúnta agus áitiúla, ar fhostú Comhordaitheoir Imeachtaí, agus thacaigh siad le Lá Náisiúnta Fiontar na mBan sa Muileann gCearr i mí na Samhna ar a fhreastal breis is 250 fiontraí ó dhá cheann na tíre.

Staidéar ar Riachtanais Spás Oibre

Ag deireadh 2009, rinne an Bord coimisiúnú ar staidéar i leith soláthar agus éileamh spás oibre i nDurlas agus a chomharsanacht i gcomhthéacs thionscnaimh an Ionaid Fiontar Pobail.

Ag Nascadh Fiontar le hOideachas

Le linn na bliana, thairg an Bord 4 chlár do Scoileanna, a bhí deartha go speisialta le cultúr fiontraíochta a spreagadh agus le cumarsáid níos fearr a chur chun cinn idir fiontar agus an córas oideachais.

Orthu sin bhí:-

Dámhachtainí Fiontar do Scoláirí: Bhí 30 iarratas gnó istigh ag 93 scoláire as 5 scoil áitiúil sa Chomórtas Contae. Fógraíodh buaiteoirí Dhámhachtainí Fiontar do Scoláirí 2008/2009 sa Márta agus ina measc bhí Meánscoil Mhuire, An tAonach, a bhuaigh an Catagóir Sinsearach agus bhuaigh Gaelcholáiste na Siúire, Durlas an Catagóir Idirmheánach agus CBS N. Seosamh an catagóir Sóisearach. Rinne na buaiteoirí ionadaíocht thar cheann an Chontae sa gCraobh Náisiúnta sa Tulach Mhór i mí Bealtaine.

Laethanta Fiontar: Bhí 3 Lá Fiontar ar siúl in Institiúid Thiobraid Árann sa bhFómhar agus d'fhreastail 427 scoláire as 6 mheánscoil orthu.

I Meán Fómhair scaipeadh "Agallamh le Fiontraí" ar na 76 Bunscoil sa Chontae. Tá duaischiste maith as an gcomórtas agus é deartha le leibhéal na feasachta fiontar a ardú i measc dhaltaí bunscoile. Ghlac 13 scoil páirt ann i 2009.

"Exploring Enterprise" Lean an Bord orthu ag cur chun cinn na hacmhainne nua seo a d'fhorbair na 35 Bord Fiontar Contae & Cathrach i gcomhar le Seirbhís Tacaíochta Dara Leibhéal na Roinne Oideachais do scoláirí dara leibhéal. Thug an Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin cuairt ar mheánscoileanna le dul tríd an gclár agus as seo tháinig na 3 "Lá Fiontar". Chomh maith leis sin ghlac 17 scoláire páirt i gceardlanna scoile agus d'iarr 9 meantóireacht duine le duine.

Dámhachtainí Náisiúnta Fiontar

Fógraíodh gurbh í Veronica Molloy T/m 'Crossogue Preserves', Ballycahill mórbhuaiteoir Chomórtas Contae Dhámhachtainí Náisiúnta Fiontar 2009 agus ba iad Lyncare Systems Ltd, f/ch Gordon agus Andrea Lynch, Cnocán an Éin Fhinn a tháinig sa dara háit. Bhí duaischiste €3,000 le fáil as an gcomórtas Contae mar aon le duaiseanna criostail Louise Kennedy agus teastais ghnóthachtála. Rinne 'Crossogue Preserves' ionadaíocht ar an gContae sa gcraobh Náisiúnta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí na Samhna.

Deontais do Thaispeántais/Aonaigh Thrádála/Tacaíocht d'Iontráil Margaidh

Bhain 7 ngnólacht uilig tairbhe as an scéim agus ghlac siad páirt i dtaispeántais, aonaigh thrádála agus seónna in Éirinn agus thar lear. Thacaigh an Bord le gnólacht amháin le taispeántas a bheith acu ag Showcase, agus le ceann eile don Taispeántas SHOP, bhí an dá thaispeántas san RDS.

Deontais d'Fhorbairt Suíomh Gréasáin/Scrúdú TFC

Chuir an Bord deontas ar fáil do 13 gnólacht chun suíomh gréasáin a fhorbairt agus ghlac 2 ghnólacht le hiniúchtaí Techcheck.

Tionscnamh Margadh Ceardaíochta SAM

I Lúnasa 2009 thacaigh an Bord, i gcomhar le Bord Fiontar Contae Thiobraid Árann Theas, le 8 ngnólacht ceardaíochta freastal ar an Irish Fest i Milwaulkee SAM. Bhí a dtaispeántais ag na gnólachtaí ag an bpíosa Cultúrtha agus Margaíochta ar Stáitse Thiobraid Árann, ag an imeacht chultúrtha agus ceoil is mó de chuid na hÉireann dá mbíonn sna SA. Tugadh léiriú freisin ar an gCuideachta Turasóireachta ag an imeacht agus é brandáilte go maith le "Go All the Way to Tipperary".

Cailliúint Post i DELL agus Ciste Forchríochaithe na hEorpa

In Eanáir, d'fhógair Dell cailliúint 1,900 post ina monarcha déantúsaíochta i Luimneach. Go dtí sin, ba iad Dell an fostóir ba mhó i réigiún an Mheán-Iarthair le 3,000 post á gcur ar fáil acu. Bhí an t-ádh ar an Réigiún áfach, mar ag teannadh le deireadh 2009 cheadaigh an AE

€22.8m uilig, an t-iarratas CFE ba mhó ar thacaigh siad leis agus gné mhór cómhaoinithe €8m ag dul leis. Tacóidh an CFE le bearta gníomhacha margadh saothair d'oibreoirí iomarcacha Dell agus cuideachtaí coimhdeacha. Úsáidfear an ciste d'athoiliúint, nua-oiliúint agus soláthar tacaíochtaí oideachais agus fiontraíochta do bheagnach 2,500 oibrí iomarcach sa Mheán-Iarthar.

Tús Nua/Margadh Deiseanna Thiobraid Árann Thuaidh

I gcomhar le gníomhaireachtaí áitiúla agus náisiúnta eile d'eagraigh an Bord *Tús Nua* atá dírithe orthu siúd sa chontae faoi thionchar iomarcaíochta agus leagan as oibre. Bhí an imeacht ar siúl san Aonach ar an 26 Bealtaine agus tharraing sé 250 duine. Thug an t-aonach léiriú ar na deiseanna agus tacaíochtaí éagsúla atá ar fáil ó thaobh oiliúint, oideachas agus tacaíochtaí fiontar.

Ballraíocht i gComhlachtaí Eile

Tá an Bord ag tacú i gcónaí le hobair roinnt eagraíochtaí pobalbhunaithe lena n-áirítear Cuideachta Turasóireachta Thiobraid Árann Thuaidh Teo. agus Grúpa Margaíochta Dhurlais. Tá an Leas-POF ina Ball/Stiúrthóir ar an dá chomhlacht seo.

Déanann Mattie Ryan ionadaíocht ar son an Bhoird ar an Tionscnamh SERVE agus ar Ghníomhaireacht Fuinnimh Thiobraid Árann agus is í Pauline Coonan ionadaí an Bhoird ar Choiste Cúram Leanaí an Chontae. Tá an Leas-POF ina Stiúrthóir ar Thionscnaimh na nIonad Fiontar i gCrois na Rae agus i nDurlas agus ar Chomhpháirtíocht Leader Thiobraid Árann Thuaidh. Tá an POF ina ball de Choiste Meastóireachta Leader, de Ghrúpa Oibre Eacnamaíochta an Chontae agus de Bhord Forbartha an Chontae. Tá an Cathaoirleach ina ball freisin ar Bhord Forbartha an Chontae.

Ionaid Fiontar Pobail Chloch Shiurdáin & Dhurlais

I mí na Nollag cheadaigh an Bord deontas €343,000 uilig don dá Ghrúpa Pobail. Ceadaíodh €135,000 (€94,500 Gnáth agus €40,500 inaisíoctha) do Pháirc Fiontar Glas Thiobraid Árann Thuaidh Teo. atá lonnaithe i gCloch Shiurdáin agus ceadaíodh €208,000 i bhfoirm scaireanna tosaíochta d'Ionad Fiontar Pobail Dhurlais Teo. Bhí tairiscintí deontais faighte ag an dá thionscnamh roimhe sin ó Fhiontraíocht Éireann do thógáil spás fiontar a bheadh faoi úinéireacht an phobail. Ní fhéadfadh ranníocaíocht an Bhoird dul thar 50% de dheontas Fhiontraíocht Éireann.

Ginearálta

Bhí 6 ghnáthchruinniú agus 1 cruinniú speisialta ag an mBord i 2009. Bhí an cruinniú speisialta ann ar an 26 Lúnasa agus díríodh ar Thuairisc Mhic Cárthaigh "An Bord Snip Nua" agus a impleachtaí do Thiobraid Árann Thuaidh. Nuair a d'fhág an Cathaoirleach an Dr. Alice Morgan i mí Iúil ghlac an Leas-Chathaoirleach Jimmy Murphy le ról an Chathaoirligh ó Iúil go 28 Meán Fómhair. Bhí an Cruinniú Cinn Bhliana ann ar an Luan 28 Meán Fómhair. Toghadh Matt Shortt mar Chathaoirleach ag an gcéad ghnáthchruinniú i ndiaidh an Chruinnithe Cinn Bhliana agus Alice Varley mar Leas-Chathaoirleach.

Tuairisc Mhic Cárthaigh/An Bord Snip Nua

Chas Cathaoirleach an Bhoird, Matt Shortt, an Comhairleoir Mattie Ryan, Maura Hoctor TD, Noel Coonan TD agus an POF leis An Tánaiste agus leis an Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta, Máire Ní Chochláin ar an 6 Samhain in Óstán Castletroy Park, Luimneach chun impleachtaí na tuarascála ar cheantair tuaithe ar nós Tiobraid Árann Thuaidh nach bhfuil stádas geata ná mol acu faoin Straitéis Spásúlachta Náisiúnta a phlé leo. Dúirt an Tánaiste nach raibh aon chinneadh déanta ag an bpointe sin faoi thodhchaí na mBord agus go ndéanfadh sí a raibh ar a cumas chun na

Boird a athbheochan agus a choinneáil sna ceantair tuaithe. Pléadh roinnt roghanna costchiorraithe ag an gcruinniú.

Ballraíocht An Choiste Meastóireachta

Bhí naonúr ball ar an gCoiste Meastóireachta i 2009. Chas an Coiste le chéile sé huaire agus bhí ballraíocht ag Marian Hayes, Cumann Tráchtála Ros Cré, An tUas. Pat Horan - Cuntasóir, Noreen O'Sullivan, Cumann Tráchtála an Aonaigh, An tUas. Conor Scott - Gnó, Catherine Hogan, Fiontraíocht Éireann, An tUas. Gerry McGarry – Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh agus An tUas. Tadgh O'Dwyer– Cumann Tráchtála Dhurlais, Dr. Tom O'Keeffe – Baincéir (in áit Carmel Fallon a d'éirigh as sa Márta) a toghadh ar an gCoiste san Aibreán agus An tUas. Sean Crowley, Comhpháirtíocht Leader Thiobraid Árann Thuaidh a ceapadh i mí an Mheithimh.

Measúnú Riosca

Ghlac an Bord le measúnú riosca athbhreithnithe agus le córas Rialú Inmheánach Airgid ag a gcruinniú ar an 14 Nollag.

Láraonad Comhordúcháin

Lean an Bord ag tuairisciú don aonad nua a bunaíodh i 2007 laistigh d'Fhiontraíocht Éireann atá lonnaithe sa tSionainn chun gníomhaíochtaí na mBord Fiontar Contae agus Cathrach a chomhordú agus tacú leo. Bunaíodh 3 Ghrúpa Oibre Tripháirteach ag an leibhéal Náisiúnta agus ionadaíocht orthu ó Fheidhmeannas na mBord Fiontar Contae, Cathaoirligh, C.C.U agus ón Roinn. Bhí an Leas-POF ina ball de Ghrúpa Tripháirteach agus an POF páirteach ar an gCoiste um Thacaíochtaí Fiontar.

Cúnamh Inaisíoctha

Bhí dáileadh amach chúlchiste Chúnamh Inaisíoctha an Bhoird ina thosaíocht fós i 2009. D'íoc an Bord amach €46,000 agus d'eisigh siad deontais luach €343,000 do 2 thionscnamh ionad fiontar pobail. Ba é iarmhéid an chuntais ag deireadh na bliana ná €329,930. Beidh €343,000 ar a laghad sa gcúlchiste faoi dháta ionchais an tarraingt anuas i 2010. Ag a gcruinniú i mí na Nollag cheadaigh an Bord nós imeachta le theacht ar neamhíocaíocht i gcás cúnamh inaisíoctha a ndéantar faillí air.

Drochfhiacha Díscríofa

Ní raibh aon dhrochfhiacha díscríofa i 2009.

Coiste Iniúchóireachta Inmheánach

Bhí Jimmy Murphy (Cathaoirleach), Séamus Hanafin, Jim Ryan, Bríd Kennedy agus Liam Mullane ar Choiste Iniúchóireachta Inmheánach an Bhoird ar dtús. Ceapadh Matt Shortt i mí Feabhra in áit Liam Mullane a chuaigh ar scor. Ceapadh Alice Varley agus Terry McKenna ag an CCB in ionad Shéamuis Hanafin, Jim Ryan agus Bhríd Kennedy. Ceapadh Brian Keating i mí na Nollag agus d'ainmnigh an Bord Alice Varley mar Chathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta Inmheánaigh ag an gcruinniú sin in ionad Jimmy Murphy. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste i 2009. D'fhreastail Séamus Holohan, Cuntasóir an Bhoird agus Rita Guinan, P.O.F. ar na cruinnithe Iniúchadh Inmheánach.

Lucht Foirne a bhí fostaithe i 2009

P.O.F.:	Rita Guinan
Leas-POF:	Eleanor Forrest
Comhairleoir Gnó:	Geraldine Manning
Riarthóir:	Madeline Ryan

Bord na Stiúrthóirí

Tugtar thíos ainmneacha na ndaoine a bhí mar Stiúrthóirí ag am ar bith le linn na tréimhse go dtí an 31 Nollaig 2009:

Pauline Coonan, Denis Gleeson, Terry McKenna, Paul Gavan, Jerry Moloney, Jimmy Murphy, Mattie Ryan, John Guilfoyle, Alice Varley, Tim Young, Brian Keating, Matt Shortt, Michael Murray, Virginia O'Dowd, Michael O'Meara

Ráiteas ar Dhualgais na Stiúrthóirí

Tá sé de dhualgas ar Stiúrthóirí de réir dhlí na Cuideachta ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais, a thugann léiriú cruinn agus cóir ar staid ghnóthaí na cuideachta agus ar ioncam agus caiteachas na bliana sin. In ullmhú na ráiteas airgeadais seo, ní mór do na stiúrthóirí:

- polasaithe cuntasaíochta cuí a roghnú agus iad a fheidhmiú go leanúnach;
- breithiúnais agus meastacháin réasúnta agus tíosach a dhéanamh;
- na ráitis a ullmhú ar bhunús gnóthas leantach, mura bhfuil an bunús sin míchuí.
- insint ar leanadh le caighdeáin chuntasaíochta cuí, faoi réir aon ábhar a bhí ar fáil agus mínithe sna ráitis airgeadais.

Tá dualgas ar na stiúrthóirí leabhair chuntais chuí a choinneáil a thugann léargas réasúnta cruinn, ag am ar bith, ar staid airgeadais na cuideachta agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ag cloí le hAchtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2009. Tá dualgas freisin orthu sócmhainní na cuideachta a choinneáil slán agus chuige sin céimeanna réasúnacha a thógáil ar mhaithe le feall agus mírialtachtaí eile a sheachaint agus a thabhairt faoi deara.

Leabhair Chuntas

Chun a chinntiú go bhfuil leabhair cheart agus taifid chuntasaíochta coinnithe de réir Alt 202 d'Acht na gCuideachtaí 1990, bhain an chuideachta úsáid as seirbhísí gnólacht cuntasóirí cáilithe agus choinnigh siad córais chuntasaíochta cuí. Coinnítear na leabhair chuntas in oifig chláraithe na cuideachta.

Sínithe:

Freagracht don Chóras um Rialú Inmheánach Airgeadais

Ar son Bhord Stiúrthóirí Bhord Fiontar Contae Thiobraid Árann Thuaidh Teo. glacaimse go bhfuil freagracht orainn a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialú inmheánach airgeadais á choinneáil agus á fheidhmiú.

Ní dearbhú iomlán ach dearbhú réasúnta atá sa chóras go bhfuil na sócmhainní sábháilte, go bhfuil na bearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go bhfuil cosc ar aon earráidí ábhar nó mírialtachtaí nó go dtugtar faoi deara iad taobh istigh d'am réasúnach.

Príomhghnáthaimh Rialaithe

Tá céimeanna tógtha ag an mBord a chinntíonn timpeallacht rialaithe cuí trí

- fhreagrachtaí bainistíochta a shonrú go soiléir;
- ghnáthaimh foirmeálta a bhunú chun tuairisc a thabhairt faoi theipeanna móra sa rialú agus a chinntíonn gníomhaíocht cheartúcháin

Tá próisis bunaithe ag an mBord chun rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí

- nádúr, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá amach roimh an mBord a aithint a áiríonn na catagóirí agus an méid a fheictear dóibh a bheith inghlactha;
- mheasúnú ar an mbaol go dtarlódh rioscaí aitheanta;
- mheasúnú a dhéanamh ar chumas an Bhoird maidir le rioscaí a tharlaíonn a bhainistiú agus a laghdú;

Tá an córas don rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreat eolais bainistíochta rialta, gnáthaimh riaracháin a áiríonn deighilt ar dhualgais, agus córas tarmligin agus freagrachta. Áiríonn sé ach go háirithe:

- córas buiséadach cuimsitheach le buiséad bliantúil a bhíonn aontaithe agus athbhreithnithe ag Bord na Stiúrthóirí;
- athbhreithnithe rialta Bhord na Stiúrthóirí ar thuairiscí airgeadais bhliantúla agus thréimhsiúla a léiríonn feidhmiú airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí;
- leagan síos spriocanna chun feidhmiú airgeadais agus eile a thomhas;

Fuair Bord Fiontar Contae Thiobraid Árann Thuaidh Teo. gnólacht cuntasóirí chun seirbhísí iniúchta inmheánach a sholáthar dóibh. Tá obair an iniúchta inmheánaigh bunaithe ar anailís an riosca atá i ndán don eagraíocht, agus tá na pleananna do na hiniúchtaí inmheánacha bliantúla bunaithe ar an anailís seo. Glacann Bord na Stiúrthóirí leis an anailís ar riosca agus leis na pleananna iniúchadh inmheánach. Cuireann an tIniúchóir Inmheánach tuairisc faoin

ngníomhaíocht iniúchadh inmheánach ar fáil don Bhord uair sa bhliain ar a laghad. Áiríonn an tuairisc tuairim an Iniúchóra Inmheánaigh maidir le fiúntas agus éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais.

Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird maidir le héifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar obair an iniúchóra inmheánaigh, na bhfeidhmeannach laistigh de Bhord Fiontar Contae Thiobraid Árann Thuaidh Teo. ar a bhfuil freagracht d'fhorbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais, agus ar thuairimí a thugann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuairiscí eile.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialúcháin

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009. Deineadh an t-athbhreithniú seo le linn na bliana.

Sínithe ar son an Bhoird

Cathaoirleach

Dáta: 31/05/2010

Bord Fiontar Contae Thiobraid Árann Thuaidh Teo.

Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur i láthair

Tithe an Oireachtais

Tá ráitis airgeadais Bhord Fiontar Contae Thiobraid Árann Thuaidh Teo. don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 iniúchta agam faoi Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

Tá na nithe seo san áireamh sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir na bpolasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach ann, Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, An Clár Comhardaithe agus na nótaí ábhartha.

Freagrachtaí ar leith na Stiúrthóirí agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá freagrachtaí na Stiúrthóirí maidir le hullmhú na ráiteas airgeadais de réir an dlí cuí agus an Cleachtas Cuntasaíochta atá Inghlactha go Ginearálta in Éirinn leagtha amach i dTuairisc na Stiúrthóirí. Tá dualgas ar na Stiúrthóirí freisin breathnú amach do rialtacht na mbeart.

Tá sé de dhualgas ormsa na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir na riachtanas dlíthiúil agus rialaitheach cuí agus de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (R.A agus Éire).

Tugaim tuairisc faoi an gceapaimse go bhfuil na ráitis airgeadais cruinn agus cóir, de réir Cleachtas Cuntasaíochta atá Inghlactha go Ginearálta in Éirinn agus an bhfuil siad ullmhaithe go cuí de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2009. Tuairiscím freisin faoi an gceapaim go bhfuil leabhair chuntas chuí á gcoinneáil ag an gCuideachta agus an bhfuil an t-eolas atá tugtha i dTuairisc na Stiúrthóirí ar aon dul leis na ráitis airgeadais. Chomh maith leis sin, tugaim le fios ar tugadh an t-eolas agus na míniúcháin riachtanacha dom don iniúchadh agus an bhfuil na ráitis airgeadais ar aon dul leis na leabhair chuntas.

Tuairiscím faoi aon chás nár cuireadh airgead síos do na críocha a bhí i gceist nó nuair nach réitíonn na bearta leis na húdaráis atá á rialú.

Déanaim athbhreithniú ar an dtugann an Ráiteas faoin gCóras Inmheánach Rialaithe Airgeadais léargas ar an gcloíonn an Chuideachta leis an gCód Cleachtais do Rialú Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím aon chás nach bhfuil amhlaidh, nó má tá na ráitis míchruinn nó neamhréireach le heolas eile gur eol dom trí iniúchadh na ráiteas airgeadais. Ní gá dom breithniú an gclúdaíonn an Ráiteas ar an gCóras Inmheánach Rialaithe Airgeadais gach riosca agus rialú airgeadais, ná tuairim a thabhairt ar éifeachtúlacht an riosca agus na ngnáthamh rialaithe.

Léim eolas eile sa Tuarascail Bhliantúil, féachaint an bhfuil sé ar aon dul leis na ráitis iniúchta airgeadais. Má thugaim faoi deara aon bhotún soiléir nó mírialtachtaí ábhartha nach dtagann leis na ráitis airgeadais breithním na himpleachtaí maidir le mo thuairisc.

Bunús leis an Tuairim Iniúchta

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeáin Idirnáisiúnta na Cuntasaíochta (R.A. agus Éire) atá eisithe ag an mBord Cleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt do na cúinsí speisialta a bhaineann le Comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus a bhfeidhmiú. Áirítear san iniúchadh, scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann leis na suimeanna agus faisnéisiú agus rialtacht na mbeart airgeadais atá áirithe sna ráitis airgeadais. Tugtar measúnú ann freisin ar na meastacháin agus breithiúnais thábhachtacha atá déanta in ullmhú na ráiteas airgeadais, agus an bhfuil na polasaithe cuntasaíochta feiliúnach do chúinsí na Cuideachta, curtha i bhfeidhm go leanúnach agus faisnéisithe go cuí.

Réitigh agus phleanáil mé an t-iniúchadh chun gach eolas agus míniúchán a cheap mé a bhí uaim a fháil chun go mbeadh dóthain fianaise agam le bheith réasúnta cinnte go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó bhotún san ábhar, bíodh sin mar gheall ar fheall nó mírialtachtaí nó earráidí eile. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé measúnú freisin ar fhiúntas iomlán an eolais a bhí curtha i láthair sna ráitis airgeadais.

Dírim aird, i mo thuairim gan chuntar, ar an bPolasaí Cuntasaíochta pinsin rud a mhíníonn an fáth nár cuireadh forálacha Chaighdeán Tuairiscithe Airgid 17 i bhfeidhm.

Tuairim

Feictear dom go dtugann na Ráitis Airgeadais:

- léargas cruinn agus cóir, de réir an Chleachtais Cuntasaíochta atá Inghlactha go Ginearálta in Éirinn, ar ghnóthaí na cuideachta ar an 31 Nollaig 2009 agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain a chríochnaigh ag an am sin; agus
- go bhfuil said ullmhaithe i gceart de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go dtí 2009.

Tá chuile eolas agus míniúchán a cheapaim a bhí riachtanach don iniúchadh faighte agam. Is é mo thuairim go bhfuil leabhair chuntas chuí á gcoinneáil ag an gCuideachta. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na leabhair chuntas.

Is é mo thuairim go bhfuil an t-eolas atá i dTuairisc na Stiúrthóirí ar aon dul leis na ráitis airgeadais.

Andrew Harkness
Le haghaidh agus thar ceann
An Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Meán Fómhair 2010

Bord Fiontar Contae Thiobraid Árann Thuaidh Teo.

Ráiteas faoina Polasaithe Cuntasaíochta

1. Bunús na Cuntasaíochta

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais faoi bhunús fabhraithe na cuntasaíochta, agus de réir phrionsabail cuntasaíochta inghlactha ginearálta faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Glactar le Caighdeáin Thuairiscithe Airgeadais a mholann na heagraíochtaí cuntasaíochta aitheanta de réir mar a thagann siad i bhfeidhm.

2. Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Tugtar costas stairiúil na Sócmhainní Seasta nó luacháil lúide an dímheas carntha.

Gearrtar dímheas ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais ar bhunús líne dhíreach, ag an ráta atá leagtha amach thíos, chun na sócmhainní a dhíscríobh, coigeartaithe don luacháil fuílligh measta, thar a dtréimhse úsáideach saoil.

Troscán	12.5%
Trealamh Oifige	20.0%

3. Deontais Oireachtais

Tugtar cuntas ar Dheontais Oireachtais ar bhunús fabhraithe. Cuireann Fiontraíocht Éireann na Deontais Oireachtais ar fáil ar son an Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta.

4. Deontais Iníoctha

Fabhraítear na deontais sna ráitis airgeadais nuair a chomhlíonann na deontaithe na coinníollacha atá leagtha síos.

5. Ioncam Iarchurtha

Aithnítear aisíocaíochtaí cúnamh inaisíoctha mar ioncam nuair a thugtar é mar chúnamh airgeadais d'fhiontair eile. Is ioncam iarchurtha an cúnamh inaisíoctha a fhaightear ó fhiontair chuidithe ach nach bhfuil curtha chun feidhme fós.

6. Cuntas Caipitiúil

Seasann an Cuntas Caipitiúil don luacháil neamh-amúchta ioncaim a úsáidtear do chríocha caipitil.

7. Aoisliúntas

Forálann Alt 10 (4) (g) den Acht Forbartha Thionsclaíoch, 1995 gur féidir le Boird Fiontar Contae pearsanra a fhostú (ag áireamh príomhoifigeach feidhmiúcháin) ar bhealach agus faoina téarmaí a cheadaíonn an tAire (le cead an Aire Airgeadais) agus a cheapann an Bord a bheith feiliúnach agus riachtanach do neartú a n-aidhmeanna.

Le cead an Aire Airgeadais, cheadaigh an tAire Fiontar, Trádala agus Nuálaíochta don Bhord Aoisliúntas agus Scéimeanna Aoisliúntais Céilí agus Leanaí a thabhairt isteach. Tugadh isteach Scéimeanna Aoisliúntais d'fhoireann an Bhoird i 2008 agus nó go gceadaítear go foirmiúil é, tá údarás tugtha ag an Aire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta, le cead an Aire Airgeadais, don Bhord na scéimeanna a fheidhmiú, ar bhunús riaracháin, bunaithe ar an Scéim

Eiseamláireach Aoisliúntais do Státseirbhísigh. Feidhmítear na scéimeanna ar bhunús "íoc mar a úsáidtear" rud a chiallaíonn nach bhfuil sochair réamhchistithe trí ranníocaíochtaí a chur i gciste ar leith faoi smacht iontaobhaithe.

Íoctar ranníocaíochtaí fostaí le Fiontraíocht Éireann agus leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta agus cuireann an Roinn Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta cistí ar fáil don Bhord trí Fhiontraíocht Éireann i leith costas na sochar de réir mar a bhíonn siad dlite.

Tá an Roinn ag smaoineamh faoi láthair ar na scéimeanna a athstruchtúrú le go mbeadh gach Bord Fiontar Contae san áireamh.

Níl forálacha faisnéise shainithe na scéimeanna sochar FRS17 curtha i bhfeidhm ag an mBord nó go socraítear na neamhchinnteachtaí seo faoina scéimeanna.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

		2009	2008
		€	€
Ioncam	**Nótaí**		
Deontais Oireachtais	**1**	852,110	824,957
Aistriú ó Ioncam Iarchurtha	**3C**	46,000	128,500
Ioncam Eile	**8**	20,538	33,080
		918,648	986,537
Aistriú ón gCuntas Caipitiúil	**9**	7,187	5,945
Iomlán		925,835	992,482
Caiteachas			
Cúnamh Airgeadais Roghnach	**2**	273,051	308,873
Forbairt Fiontraíochta agus Inniúlachta	**4**	281,887	324,551
Riarachán	**5**	370,897	359,058
Iomlán		925,835	992,482
Farasbarr / (Easnamh) don bhliain		**-**	**-**

Ní raibh aon ghnóthachain ná cailliúntí ag an mBord sa bhliain airgeadais ná sa bhliain airgeadais roimhe sin seachas iad sin ar déileáladh leo sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Baineann torthaí na bliana le hoibriúcháin leanúnacha.

Tá Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta mar aon le nótaí 1 go16 mar chuid de na Ráitis Airgeadais.

Chairman Director Chief Executive

Clár Comhardaithe ar an 31 Nollaig 2009

	Nótaí	2009 €	2008 €
Sócmhainní Seasta			
Sócmhainní Inláimhsithe	**6**	10,381	17,568
		10,381	17,568
Sócmhainní Reatha			
Fiachnóirí agus Réamhíocaíochtaí		3,706	5,384
Deontais Oireachtais Dlite		-	329
Banc agus Airgead Tirim		346,079	327,736
		349,785	333,449
Dliteanais Reatha			
Cúnamh Inaisíoctha – Ioncam Iarchurtha	**3C**	322,090	301,390
Deontais Oireachtais Íoctha Roimh Ré		15,643	-
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	**7**	12,052	32,059
		349,785	333,449
Glansócmhainní Reatha/(Dliteanais)		-	-
Glansócmhainní		10,381	17,568
Maoinithe ag:			
Cuntas Caipitiúil	**9**	10,381	17,568
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		-	-
		10,381	17,568

Tá Ráiteas na bPolasaithe Cuntasaíochta mar aon le Nótaí 1 go 16 mar chuid de na Ráitis Airgeadais.

Chairman

Director

Chief Executive

Nótaí ar na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

1. Maoiniú agus Caiteachas an Bhoird

Fiontar Áitiúil

Forálann Alt 10(2) den Acht Forbartha Thionsclaíoch, 1995 go ndéanann an tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta íocaíochtaí deontais leis an mBord. Faoi Ionstraim Reachtúil Uimh. 655 de 2006, íocann Fiontraíocht Éireann deontais ar son an Aire. Cuirtear caiteachas an Bhoird i bhfeidhm ar bhearta faoi Fhochlár Forbartha Fiontar Áitiúil "Innovation and Knowledge Economy Priority", an Chláir Oibriúcháin do Réigiúin an Deiscirt agus an Oirthir 2007-2013.

Tá na bearta mar seo a leanas:

Miosúr 1: Cúnamh Airgeadais Roghnach

Miosúr 2 - Forbairt Fiontraíochta agus Inniúlachta

Nótaí ar na Ráitis Airgeadais
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

2. Cúnamh Airgeadais Roghnach

Déanann an Bord tairiscintí deontais agus má ghlactar leo, bíonn siad bailí mar dhualgais de chuid an Bhoird ar feadh tréimhse ar leith nó sna cúinsí a luadh nuair a ceadaíodh iad. Thug an Roinn maoiniú de €227,159 i leith Cúnamh Airgeadais Roghnach i 2009. Is iad na gealltanais de chuid an Bhoird a bhí fós amuigh ar an 31 Nollaig 2009 ná :

	Deontais **€**	**Cúnamh Deontais Iníoctha** **€**	**Iomlán** **€**
Gealltanais Deontas ar 1 Eanáir	111,336	75,102	186,438
Deontais a Ceadaíodh	344,860	365,890	710,750
	456,196	440,992	897,188
Deontais Athdháilte	8,687	(8,687)	-
Deontais a Aistarraingíodh– Ceadaithe i 2009	(39,000)	(25,000)	(64,000)
– Ceadaithe roimh 2009		(18,317)	(50,720)
	393,480	388,988	782,468
Caiteachas Deontais - Íocaíochtaí	(186,614)	(86,437)	(273,051)
Gealltanais Deontais ar an 31 Nollaig	206,866	302,551	509,417

Tá an Caiteachas de €273,051 déanta suas as Deontais Chaipitiúla €195,842, Deontais Fostaíochta €48,750 agus Deontais Féidearthachta €28,459.

Tharla na gealltanais a bhí fós ag seasamh amach ar an 31 Nollaig 2009 mar seo a leanas:

	€
Roimh an 31 Nollaig 2008	85
I ndiaidh an 1 Eanáir 2009	509,332

Nótaí ar na Ráitis Airgeadais
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

3 Cúnamh Inaisíoctha

3A Infheistíochtaí

Bhí €168,500 d'infheistíocht Scaireanna Tosaíochta ann ar an 31 Nollaig 2009. Toisc nach féidir luach na scaireanna seo, a bhraitheann ar fheidhmiú na bhFhiontar, a mheas go cruinn, níl na scaireanna caipitlithe ar an gClár Comhardaithe. Tugtar cuntas ar dhíbhinní, ús agus aisíocaíochtaí isteach ar bhonn airgead tirim. Is féidir leis an mBord Fiontar fáltais mar iad seo a úsáid chun deontais bhreise a mhaoiniú.

Bhí na hinfheistíochtaí seo a leanas ag an mBord ar an 31 Nollaig:

Ainm na Cuideachta	Scaireanna Tosaíochta	2009 €	2008 €
North Tipperary Food Ionad Fiontar (Rearcross) Limited	Tosaíocht Charnach Scaireanna Insóinseáilte €1.00 an ceann	168,500	168,500

Déanann an Bord athbhreithniú ar infheistíochtaí, agus nuair a cheapann siad nach n-aisíocfar iad, socróidh an Bord an tsuim sin a dhíscríobh. Ní raibh aon infheistíochtaí díscríofa i 2009.

3B Deontas Inaisíoctha

Ní féidir aisíocaíochtaí Cúnamh Inaisíoctha a úsáid ach do mhaoiniú deontais breise faoi Mhiosúr 1.

	2009 **€**	**2008** **€**
Iarmhéid ar an 1 Eanáir	177,752	225,940
Eisithe sa bhliain 2009	86,437	54,951
Aisíoctha sa bhliain 2009	(66,700)	(100,749)
Díscríofa i 2009	-	(2,390)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig	197,489	177,752
Dlite laistigh de 12 mí	85,804	109,542
Dlite tar éis 12 mí	111,685	68,210
	197,489	177,752

Nótaí ar na Ráitis Airgeadais
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

Déanann an bord athbhreithniú ar iarmhéideanna atá dlite agus nuair a cheapann siad nachn-íocfar iad, socróidh an Bord an tsuim sin a dhíscríobh. Ní raibh tada díscríofa i 2009 (2008: €2,390).

3C Athdháileadh ar Fháltais Cúnamh Inaisíoctha

	2009 €	2008 €
Iarmhéid na bhFáltas Cúnamh Inaisíoctha ar an 1 Eanáir	301,390	329,141
Íocaíochtaí Mhiosúr 1 tugtha ar aghaidh ó Ioncam Iarchurtha	(46,000)	(128,500)
Fáltais Cúnamh Inaisíoctha: Aisíocaíochtaí	66,700	100,749
Ús/Díbhinní	-	-
Iarmhéid na bhFáltas Cúnamh Inaisíoctha ar lámh ar an 31 Nollaig	322,090	301,390

4. Forbairt Fiontraíochta agus Inniúlachta (Miosúr 2)

	2009 €	2008 €
Cláir um Fhorbairt Bhainistíochta	26,062	75,799
Oiliúint	69,717	78,942
Meantóireacht	29,331	41,895
Oideachas Fiontar	38,531	30,533
Cothú Fiontar	61,101	53,722
Eile	57,145	43,660
	281,887	324,551

Nótaí ar na Ráitis Airgeadais
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

5. Costas Riaracháin

	Nóta	2009 €	2008 €
Tuarastail	**11**	268,848	258,813
Árachas		6,088	5,098
Costas Oifige		35,984	30,478
Costas Taistil		15,038	18,689
Lóistín		23,693	23,603
Táillí Gairmiúla		6,522	5,473
Táillí Iniúchtaí		6,392	6,800
Dímheas		8,332	10,104
		370,897	359,058

6. Sócmhainní Seasta

	Troscán	Trealamh Oifige	Iomlán
Costas	€	€	€
Ar an 1 Eanáir 2009	18,622	69,547	88,169
Suimeanna Breise	-	1,145	1,145
Diúscairtí	-	-	-
Ar an 31 Nollaig 2009	18,622	70,692	89,314
Dímheas			
Ar an 1 Eanáir 2009	15,619	54,982	70,601
Ar dhiúscairtí	-	-	-
Táille don bhliain	838	7,494	8,332
Ar an 31 Nollaig 2009	16,457	62,476	78,933
Luachanna Glan na Leabhar			
Ar an 31 Nollaig 2009	2,165	8,216	10,381
Ar an 31 Nollaig 2008	3,003	14,565	17,568

Nótaí ar na Ráitis Airgeadais
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

7. Creidiúnaithe

	2009 €	2008 €
Costas Riaracháin: Ranníocaíochtaí Pinsin na bhFostaithe:	-	7,174
Eile	10,489	21,320
Miosúr 2	1,563	3,565
	12,052	32,059

8. Ioncam Eile

	2009 €	2008 €
Ollmhéid Úis a Fuarthas	45	6,492
Ioncam ó Chúrsaí agus Urraíocht	20,493	26,588
	20,538	33,080

9. Cuntas Caipitiúil

	2009 €	2008 €
Iarmhéid Tosaigh	17,568	23,513
Aistriú ón/(chuig an) gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:		
Cistí a dáileadh chun Sócmhainní Seasta a fháil	1,145	4,159
An tsuim amúchta ar aon dul le dímheas sócmhainne	(8,332)	(10,104)
An tsuim ligthe ar dhiúscairt sócmhainní seasta	-	-
	(7,187)	(5,945)
Iarmhéid Deiridh	10,381	17,568

10. Cánachas

Níl aon soláthar déanta do chánachas sna ráitis airgeadais.

Nótaí ar na Ráitis Airgeadais
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

11. Fostaithe agus Tuarastal

Tháinig costas pá an Bhoird go dtí €268,848 san iomlán (2008: €258,813) agus cuireadh isteach sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais é mar seo a leanas:-

	2009	2008
	€	€
Riarachán	268,848	258,813

Ba é an meánuimhir foirne le linn na bliana ná 4. Bhí an fhoireann uilig fostaithe ar bhunús conartha. Ní raibh aon tréimhse ama ar leith luaite sna conarthaí. Baineadh €11,553 tobhach pinsin ón lucht foirne agus íocadh le Fiontraíocht Éireann é.

12. Aoisliúntas

Ar I Meán Fómhair 2008, roghnaigh triúr foirne incháilithe dul isteach i Scéim Aoisliúntais na mBord Fiontar Contae & Cathrach, a bhí ceadaithe ag an Roinn Fiontar Trádála & Nuálaíochta, agus chuaigh ball eile den fhoireann isteach ann ar an 1 Deireadh Fómhair 2008. Roimh an dáta sin, bhíodh an Bord ag déanamh ranníocaíochtaí pinsin don Leas- POF agus don Oifigeach Forbartha Gnó i scéimeanna ainmnithe pinsin a bhí ceadaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim agus bhí liúntas in áit pinsean á íoc leis an POF.

13. Leasa Tairbhiúla Bhaill an Bhoird

Ghlac an Bord le gnáthaimh de réir threoirlínte a d'eisigh An Roinn Airgeadais maidir le faisnéisiú ar leasa tairbhiúla bhaill an Bhoird agus cloíodh leis na gnáthaimh seo le linn na bliana. Ní raibh aon bheart i gceist ina raibh íocaíochtaí a raibh leas thairbheach ag baill an Bhoird iontu.

14. Táillí Stiúrthóirí agus POF. Pá

Ní raibh aon táillí iníoctha le haon Stiúrthóir. Fuair beirt Stiúrthóirí €601 san iomlán i leith costas taistil agus cothaithe le linn bheith ar ghnó don chuideachta. Seo iad na sonraí:-

	€
An tUas. Mattie Ryan, BCC	302
Ms. Pauline Coonan, BCC	299
Iomlán	601

Fuair an POF tuarastal €100,722. Níor bhfuair an POF aon íocaíochtaí bónais. Fuair an POF €5,996 uilig i liúntais taistil agus cothaithe. Tagann teidlíochtaí

pinsin an POF faoi ghnáthchoinníollacha scéim aoisliúntais na Roinne Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta, agus ní théann thairis sin.

15. Gnóthas Leantach

I Meitheamh 2010, d'fhógair an tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta go raibh sé chun moltaí a chur os comhair an Rialtais maidir le struchtúr na mBord Fiontar Contae. Ní heol don Bhord go bhfuil i gceist aon leasú a dhéanamh ar fheidhmeanna an Bhoird agus glacann siad leis go leanfaidh aon chomhlacht comharbais lena ngníomhaíochtaí reatha agus go n-aistreofar sócmhainní, dliteanais agus lucht foirne an Bhoird chuig an gcomhlacht sin. Ní chreideann siad dá bhrí sin go bhfuil gá le haon choigeartú ar na ráitis airgeadais le léiriú a thabhairt ar aon athstruchtúrú féideartha agus tá na cuntais seo ullmhaithe acu ar bhunús gnóthas leantach.

16. Formheas ar na Ráitis Airgeadais

Ghlac na Stiúrthóirí leis na ráitis airgeadais ar an 31 Bealtaine 2010.